An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht churaclaim le haghaidh Araibis na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Clár Ábhar

An tSraith Shinsearach 2
Réasúnaíocht 4
Aidhmeanna 5
Teanga i gcomhthéacs 6
Leanúnachas agus dul chun cinn 8
Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach 8
Príomhinniúlachtaí 9
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 13
Snáithe 1: Inniúlacht sa Teanga Chumarsáideach 15
Snáithe 2: Snáithe na hInniúlachta Ilteangaí agus Ilchultúrtha 19
Teagasc ar son fhoghlaim an scoláire 22
Measúnú 26
Socruithe réasúnta 32
Aguisín 1 Gluais 34
Aguisín 2 An Fráma Tagartha Comónta Eorpach 35

# An tSraith Shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
| --- |
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an sraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Tá teanga ar cheann de na bealaí a smaoinímid, a eagraímid ár gcuid eolais, a gcuirimid ár smaointe agus ár mothúcháin in iúl agus a dhéanaimid cumarsáid le daoine eile. Is meán idirghníomhaíochta atá inti, trína gcuirtear in iúl agus trína n-eagraítear eolas agus taithí.

Ar cheann de na príomhbhealaí a shainmhíníonn agus a roinneann sochaithe a gcultúr agus a n-aitheantas is ea tríd an teanga. Cónaímid i ndomhan atá lán le teangacha, agus in Éirinn chomh maith, tá oidhreacht shaibhir teangeolaíochta dár gcuid féin againn.[1] Tá a gnéithe agus castachtaí saibhre, sainiúla féin ag gach teanga, mar aon le luach intreach mar acmhainn i gcomhair rannpháirtíocht shóisialta, comhtháthú sóisialta, féidearthachtaí fostaíochta ar feadh an tsaoil agus deiseanna soghluaisteachta.

Tá daoine óga in Éirinn sa 21ú haois ag fás aníos i sochaí dhinimiciúil bhreisteangach ilchultúrtha atá ag athrú go tapa ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Cónaíonn siad i ndomhan ina bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha, imirce agus soghluaisteacht ag tabhairt daoine níos gaire dá chéile ná riamh cheana. Sa tsochaí seo, a gcuireann fórsaí sóisialta, polaitiúla agus geilleagracha cruth uirthi, is féidir leis an deis chun a stór focal ilteangach a fhorbairt a bheith ina fhoinse chumhachtaithe don scoláire.

Úsáidtear teanga freisin don fhéinléiriú agus baintear leas aisti don fhoghlaim sa phróiseas oideachais. Tá sí ina toisc lárnach i bhfás an scoláire mar dhuine; an chaoi a bhfoghlaímid fúinn féin, faoi dhaoine eile agus faoin domhan breisteangach agus ilchultúrtha ina gcónaímid. Nuair a fhaigheann an scoláire taithí ar eispéiris foghlamtha teanga, tagann deiseanna le heolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt ionas gur féidir leis a bheith rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach inár sochaí bhreisteangach agus i ndomhan na hoibre.

Nuair a úsáideann an scoláire níos mó ná teanga amháin, leathnaítear na réimsí inar féidir leis cumarsáid a dhéanamh. Cumhachtaíonn sé sin é chun taitneamh agus léirthuiscint níos iomláine a bhaint as éagsúlacht de chúlraí cultúrtha; le páirt a ghlacadh agus cur leis an tsochaí mar shaoránach domhanda agus chun leas a bhaint as deiseanna fostaíochta agus soghluaisteachta.

Anuas ar na tairbhí don tsochaí, bíonn dea-thionchair ag stór foghlama teanga saibhir ar fhorbairt phearsanta agus intleachta an scoláire agus ar a ghníomhaíochtaí fóillíochta. Breisíonn foghlaim teanga an fhorbairt chognaíoch agus is féidir go gcuirfeadh sí le leibhéil ghnóthachtála níos airde i réimsí oideachais eile ar nós cumais mhatamaitice agus hipitéisí eolaíochta a fhoirmliú.

Tá an curaclam in Éirinn saibhir ó thaobh teanga de agus dá bhrí sin baineann inniúlacht teanga le dul chun cinn i ngach réimse foghlama. Nuair a fhaigheann an scoláire eolas, scileanna agus straitéisí litearthachta i dteanga amháin, féadann sé cur leis an bhfoghlaim seo, rud a chuireann ar a chumas an t-eolas agus na scileanna atá aige cheana a chur i bhfeidhm i ngach foghlaim sna hábhair eile de chuid na sraithe sinsearaí agus ar a thuras foghlama ar feadh an tsaoil.

Iompraíonn gach aon scoláire a thugann faoi Araibis na hArdteistiméireachta a stór teanga uathúil agus a thaithí féin i leith foghlaim teangacha leis. Cuireann foghlaim na hAraibise sa tsraith shinsearach ar chumas an scoláire cur le heispéiris foghlama teanga a bhí aige roimhe, rud a chumhachtaíonn é chun forbairt a thuilleadh mar fhoghlaimeoir teanga neamhspleách le go bhféadfaidh sé leanúint dá aistear ar feadh an tsaoil mar dhuine ilteangach, rud a chuireann ar a chumas plé leis an saol níos leithne, imeascadh go sóisialta agus a bheith ina shaoránach gníomhach domhanda.

Tá beartaithe go mbeidh an taithí ar fhoghlaim na hAraibise sa tsraith shinsearach an-ábhartha do shaol an scoláire. Spreagfaidh sé é a thuilleadh i dtaca le spéis agus fiosracht faoin gcaoi ar féidir leis teangacha a úsáid agus a fhoghlaim ar bhonn ginearálta agus léirthuiscint mhéadaithe ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir tíortha, pobail agus cultúir éagsúla a chothú.

[1] Creat le haghaidh Comhairliúcháin ar Straitéis um Theangacha Iasachta san Oideachas d'Éirinn (ROS, 2014, lch 3).

# Aidhmeanna

Is é is aidhm le hAraibis na hArdteistiméireachta cumas an scoláire a fhorbairt leis an Arabais a úsáid chun críche cumarsáide; an t-idirspleáchas idir teanga agus cultúr a fhiosrú; léirthuiscint ar luach teangacha chun críocha pearsanta, oideachasúla, gairme agus fóillíochta, ar feadh an tsaoil, a chothú; agus taitneamh a bhaint as foghlaim teanga.

Tá sé d'aidhm aici inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha an scoláire a fhorbairt trí úsáid agus feasacht teanga, ag spreagadh fhorbairt agus úsáid straitéisí foghlama teanga, ag cothú tuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn an Araibis agus á aithint gur féidir go gcabhrófaí le próiseas na foghlamtha teanga má dhéantar ceangail idir teangacha. Tá sonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta ceaptha lena húsáid ag scoláirí a bhfuil inniúlacht bhunúsach teanga acu in Araibis agus ag scoláirí a bhfuil cúlra oidhreachta/ pobail/ teanga baile acu ar mian leo a scileanna ina stór cumarsáideach a fheabhsú chomh maithe lena n-inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha.

Ar deireadh, is é is aidhm leis an tsonraíocht seo tacú leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an tsaoránacht ghníomhach mar aon le léirthuiscint do na deiseanna uathúla agus spleodracha a fhaightear ó theangacha, ar scoil, taobh amuigh den seomra ranga agus san ionad oibre.


Ar bhonn níos sonraí, tá sé d'aidhm ag Araibis na hArdteistiméireachta a chur ar chumas an scoláire:

- cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i gcumarsáidí laethúla, i réimse de mheáin, san Araibis
- inniúlacht a fhorbairt chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile as measc réimse éagsúil de phobail Araibise, in éagsúlacht de mheáin agus idirghabháil in úsáid nuair is gá
- cumas a fhorbairt chun struchtúir chuí agus stór focal cuí a aithint, a thuiscint agus a úsáid sna ceithre mhodh cumarsáide
- eolas a fháil agus taitneamh a bhaint as éagsúlacht d'fhoinsí, lena n-áirítear réimse de mheáin agus téacsanna dílse, san Araibis
- bheith ina fhoghlaimeoir teanga athmhachnamhach agus neamhspleách a bhfuil páirt ghníomhach aige i monatóireacht agus i measúnú a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin
- léirthuiscint a chothú d'éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha agus don luach a bhaineann lena stór teangeolaíoch a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na naisc le pobail Araibise agus chun na naisc sin a cheiliúradh agus a chothú
- taitneamh a bhaint as a chuid eispéireas foghlama teanga agus inniúlacht teanga chuí a fhorbairt chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fóillíochta, tuilleadh staidéar teanga a dhéanamh, agus/nó deiseanna gairme a fháil trí mheán na hAraibise feasacht mhéadaithe a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha agus an gaol atá eatarthu, ag cur lena chuid eolais agus scileanna teangeolaíocha chun tacú le foghlaim ghinearálta agus le foghlaim ar feadh an tsaoil agus chun iad a spreagadh.

## Teanga i gcomhthéacs

### An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)

Mar bhonn eolais faoin tsonraíocht churaclaim seo tá aidhmeanna oideachasúla an Fhráma Tagartha Chomónta Eorpaigh (FTCE[2]). Eagraíonn FTCE inniúlacht teanga i scála leanúnach ó leibhéal A1 go C2 (féach Fíor 1).





Fíor 1: Scála Inniúlachta Teanga FTCE

Is é is aidhm don tsonraíocht le haghaidh Araibis na hArdteistiméireachta inniúlacht teanga chumarsáideach a fhorbairt atá ag teacht den chuid is mó le bandaí A2 – B1 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus lena thuairisceoirí.

### Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha agus Araibis Chanúnach

Tá an Araibis ar cheann de na teangacha is mó labhairt ar bhonn domhanda. Is teanga Sheimíteach í agus tá dhá fhoirm di: An Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha (fuṣḥā) agus an Araibis Chanúnach (lahjah/ ʿāmmiyah).




Fíor 2: Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha agus Araibis Chanúnach

[2] An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) arna fhoilsiú ag Comhairle na hEorpa in 2001 agus arna nuashonrú san Imleabhar a Ghabhann leis (CV FTCE) in 2020. Is é is aidhm do FTCE agus CV FTCE 'bunús coitianta a chur ar fáil chun siollabais teanga, treoirlínte curaclaim, scrúduithe, téacsleabhair, srl, ar fud na hEorpa a fhorbairt' (Comhairle na hEorpa, 2001, lch 1).

D'eascair an **Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha (fuṣḥā)** as an Araibis Chlasaiceach agus is í an teanga oifigiúil í a theagasctar agus a úsáidtear fud fad an domhain i suíomhanna foirmeálta, amhail ar scoil, san ollscoil agus sna meáin chumarsáide oifigiúla. Ba í an Araibis Chaighdeánach (idir Chlasaiceach agus Nua-aimseartha) ba bunús le hoidhreacht shaibhir d'fhilíocht chlasaiceach agus de phrós litríochta, agus is í is bunús léi i gcónaí.

Athraíonn **an Araibis Chanúnach (lahjah/ ʿāmmiyah)** de réir an tsuímh gheografaigh ina labhraítear í. Baintear feidhm aisti sa ghnáthshaol, sa bhaile, mar shampla, agus in áit an mhargaidh, sa tsráid, i mbialanna, i gcaiféanna agus i gcultúr coiteann na ndaoine agus ar na meáin shóisialta.

Is minic a mheascann agus/nó a mhalartaíonn cainteoirí Araibise idir an Araibis chaighdeánach agus an teanga chanúnach, ag brath ar an gcomhthéacs agus an lucht éisteachta. Ós rud é gur rud coiteann í an Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha i ngach tír ina labhraítear Araibis, baintear úsáid aisti mar mheán idirghabhála idir cainteoirí Araibise de chúlraí canúna éagsúla. Mar sin, is í an Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha sprioctheanga na sonraíochta seo.

De bharr go bhfuil sé beartaithe go sásóidh torthaí agus taithí foghlama úsáid na teanga san fhíorshaol agus go bhfreastalóidís ar riachtanais gach aon scoláire, d'fhéadfadh go gcuimseofaí leis an gcumarsáid sa seomra ranga an Araibis Chaighdeánach Nua-Aimseartha agus an Araibis Chanúnach araon. Mar shampla, déanfaidh an scoláire iniúchadh ar théacsanna dílse amhail scannáin, amhráin, postálacha meán sóisialta, srl agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí foirmeacha canúna d'Araibis leo sin. Ba cheart go dtabharfaí spreagadh don scoláire na foirmeacha seo a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile chun a inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha a fhorbairt.

Tugann múinteoirí agus an scoláire stór scileanna ilteangacha uathúil dá gcuid féin leo le linn dóibh a bheith ag foghlaim Araibise. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo, réamheolas ar cheann de na leaganacha den Araibis Chanúnach. Ba cheart go dtabharfaí spreagadh don scoláire leas a bhaint as an inniúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha atá aige cheana féin le linn dó a bheith ag foghlaim Araibis na hArdteistiméireachta. Déantar ceiliúradh ar gach leagan d'Araibis sa chur chuige seo, agus ullmhaíonn sé an scoláire le haghaidh cumarsáid san fhíorshaol, áit a n-úsáidfidh sé a inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha chun cumarsáid a idirghabháil le cainteoirí Araibise ag a bhfuil canúintí éagsúla.

## Pobail Araibise

Cuirtear le rannpháirteachas, spreagadh agus braistint dul chun cinn an scoláire de réir mar a úsáideann sé an Araibis chun cumarsáid éifeachtach bhríoch a dhéanamh le pobail éagsúla teanga, pé acu sa seomra ranga, i dtimpeallacht na scoile, nó sa phobal teanga níos leithne.

Trí theagmháil le pobail Araibise, ach an oiread le haon phobal teanga eile, cuirtear samplaí den teanga bheo ar fáil don scoláire agus bíonn ról lárnach aige seo sa phróiseas foghlama. Breathnaíonn an scoláire agus téann i ngleic le gnéithe den teanga agus spreagann sé seo, dá réir, níos mó foghlama. Cuireann sé tuiscint ar na difríochtaí agus na nithe coiteanna idir a theanga féin agus teanga an spriocphobail. Cuireann an fhorbairt feasachta teanga agus forbairt na feasachta idirchultúrtha lena léirthuiscint ar phobail na hAraibise.

Trí bheith rannpháirteach le pobail éagsúla teanga Araibise, faigheann an scoláire taithí ar réimse éagsúlachtaí fóineolaíocha, léacsacha, agus gramadúla laistigh de theanga na hAraibise. Cuimsítear le cumarsáid idirbheartaíocht bhrí, agus is éard atá i gceist leis sin ná gníomhaíochtaí idirghabhála a úsáid le cainteoirí ag a bhfuil canúintí atá éagsúil le canúint an chainteora.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tógann Araibis na hArdteistiméireachta ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a eascraíonn ó oideachas luathóige an scoláire a fhad le curaclam na sraithe sóisearaí.

Déanann formhór na scoláirí staidéar ar an nGaeilge agus ar an mBéarla i gcéim iar-bhunscoile a n-oideachais. Anuas air sin, tugtar deis do scoláirí na sraithe sóisearaí an tríú teanga nó teanga eile a fhoghlaim. Tugtar na scileanna agus na straitéisí don scoláire trí shonraíochtaí teanga na sraithe sóisearaí chun buntaca a chur le foghlaim teanga, lena n-áirítear teangacha breise ar féidir leo iad a úsáid chun críocha bríocha. Cuirtear ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar a thuras foghlama teanga, chun a sprioctheanga a chur i gcomparáid le teangacha eile atá ar eolas aige, agus chun machnamh a dhéanamh agus a bheith níos feasaí ar a fhéiniúlacht chultúrtha féin agus ar fhéiniúlacht chultúrtha daoine eile.

# Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire laistigh de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu agus gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí ar fad. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris ar fad sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn laistigh den ábhar nó den mhodúl i gceist faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí ó nádúr. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí i scoileanna trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn; agus ar fud na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a mbíonn taithí ag an scoláire orthu, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí seo foghlaim shainiúil ábhair an scoláire, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhuine.


# Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




Fíor 3: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus a dtionchar inmhianaithe

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




Fíor 4: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht leo.

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; agus is féidir leo foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú; in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, lena n áirítear teicneolaíochtaí, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Is féidir na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt i gCuraclam Araibis na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí. Téann an scoláire i ngleic le bunchoincheapa agus próisis na foghlama teanga trí rannpháirtíocht i réimse de ghníomhaíochtaí foghlama agus cumarsáide ina dtabharfaidh sé aghaidh ar na príomhinniúlachtaí ar bhealach comhtháite.

## Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach

In Araibis na hArdteistiméireachta, déanann an scoláire eolas a phróiseáil trí réimse leathan de théacsanna a fhiosrú, a thuiscint agus a chruthú, agus é ag breithniú go criticiúil le héagsúlacht d'fhoinsí lena n-iontaofacht agus a n-oiriúnacht i leith cuspóirí éagsúla a dhéanamh amach. Cuireann Araibis na Sraithe Sinsearaí a lán deiseanna ar fáil don scoláire lena chuid smaointe féin a chur in iúl agus le bheith ag meabhrú ar a chruthaitheacht agus a chuid straitéisí foghlama teanga féin agus chun iad sin a léiriú. Déanann sé iniúchadh ar phatrúin teanga agus déanann ceangail idir an Araibis agus teangacha eile atá ar eolas aige chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an Arabais agus ar an dóigh a n-oibríonn teangacha ar bhonn ginearálta.

## Cumarsáid agus a bheith cruthaitheach

In Araibis na hArdteistiméireachta, beidh lear deiseanna ag an scoláire, ón gcéad lá, chun tabhairt faoi chumarsáid bhríoch i réimse de mheáin, lena n-áireofaí téacs ó bhéal, téacsanna clóite, na meáin chraolta, na meáin amhairc agus na meáin dhigiteacha. Éilítear ar an scoláire a chuid fiosrachta, samhlaíochta agus cruthaitheachta a úsáid chun cumarsáid barántúil bhríoch éifeachtach a dhéanamh trí mheán na hAraibise sna modhanna cumarsáide éagsúla agus réimse leathan de mheáin in úsáid aige.

## Obair le daoine eile

Trí theangacha a fhoghlaim, cuirtear ar chumas an scoláire a bheith ag comhoibriú chun spriocanna coiteanna a bhaint amach, a theanga a oiriúnú don chomhthéacs agus don lucht éisteachta, meas a léiriú ar dhaoine a mbeadh barúlacha, cultúir agus bealaí éagsúla acu le heolas agus mothúcháin a chur in iúl agus tuiscint agus meas a bheith aige ar a ról féin mar chuid de ghrúpaí dinimiciúla éagsúla. Déantar scileanna cumarsáide a fhorbairt de réir mar a bhíonn an scoláire ag comhoibriú agus ag tabhairt faoi chomhrá agus plé, ag éisteacht go cúramach agus go criticiúil, agus ag mealladh tuairimí, dearcthaí agus mothúchán.

## Rannpháirtíocht sa tsochaí

Agus teanga eile á foghlaim, tagann a lán deiseanna don scoláire i dtaca le rannpháirteachas bríoch ar scoil, sa teaghlach, sa phobal, agus sa tsochaí, ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, ar bhonn pearsanta agus ar líne. Trína inniúlacht teanga san Araibis a fhorbairt, éascaítear don scoláire an saol a fheiceáil ó dhearcadh an chainteora Araibise, rud a ligeann dó a chuid smaointe féin agus a áit féin sa tsochaí a fhorbairt agus a chur in iúl. Féadann an scoláire a bheith ag oibriú le daoine eile le bheith ag cur le todhchaí inbhuanaithe don uile dhuine agus a bheith ag cur go heiticiúil agus go dearfach leis an tsochaí trí chéile.

## Folláine a chothú

In Araibis na hArdteistiméireachta, cothaíonn an scoláire a chuid folláine féin trína fhéiniúlacht féin a fhorbairt agus a chur in iúl agus trí bheith ag foghlaim níos mó faoi fhéiniúlacht daoine eile agus é ag cruthú a chuid téacsanna féin agus ag plé le saothar daoine eile. Is féidir seomra ranga Araibis na hArdteistiméireachta a bheith ina thimpeallacht comhoibritheach chumarsáideach, mar a dtacófaí leis an scoláire a bheith tuisceanach comhbhách ina leith féin agus i leith daoine eile. Is gníomhaíocht shásúil dhúshlánach é teanga a fhoghlaim. De réir


mar a thiomsaíonn an scoláire a phunann teanga féin, agus de réir mar a fhoghlaimíonn sé an chaoi le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus foghlaim óna chuid meancóg féin le fás ina chainteoir inniúil neamhspleách Araibise, forbraíonn sé athléimneacht agus muinín.

## Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú

In Araibis na hArdteistiméireachta, cuireann an scoláire lena chuid eolais agus tuisceana ar an bhfoghlaim teanga agus forbraíonn dearcthaí dearfacha i leith na foghlama i gcoitinne. Forbraíonn sé luachanna agus meonta a thacaíonn lena chuid foghlama agus é ag socrú spriocanna, ag déanamh machnaimh ar a chuid foghlama agus ag úsáid agus ag síneadh straitéisí chun an teanga a fhoghlaim agus a úsáid. Tiomsaíonn an scoláire punann teanga thar dhá bhliain, rud a ligeann dó roghanna a dhéanamh i dtaca leis na cineálacha téacsanna ar mhaith leis iad a chruthú agus machnamh a dhéanamh orthu, agus breithmheas á dhéanamh aige ar a chuid foghlama féin. Tríd an bpunann a thiomsú, forbraíonn sé tuiscint ar a chuid oibre féin agus ar obair daoine eile.

# Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht seo maidir le hAraibis na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga.




Fíor 5: Nádúr comhtháite agus idirspleách na snáitheanna sa tsonraíocht seo

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal cumais féin.

Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh an scoláire atá ag déanamh staidéar ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal araon aghaidh chriticiúil ar Araibis na hArdteistiméireachta, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil lena chéile. Leagtar amach in Aguisín 1 gluais téarmaí le haghaidh Araibis na hArdteistiméireachta.

Cuirtear an tsonraíocht seo i láthair in dhá shnáithe idirghaolmhara idirspleácha. Is iad na snáitheanna sa tsonraíocht ná inniúlacht sa teanga chumarsáideach agus inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha. Forbraíonn an scoláire a inniúlacht sa teanga chumarsáideach trí úsáid mhachnamhach teanga, rud a bhfuil an inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha, dá réir, mar bhuntaca leis.

Tá struchtúr na snáitheanna leagtha amach le tacú le múinteoirí agus an fhoghlaim, teagasc agus measúnú á bpleanáil acu agus níor cheart iad a bhreithniú astu féin. Sainaithníonn an múinteoir cosáin tríd an tsonraíocht a fhreagraíonn do réamhfhoghlaim an scoláire. Is é a eascraíonn as seo ná tuiscint agus feidhmiú níos doimhne a chuid scileanna teanga i gcásanna a bhíonn ag éirí níos casta i rith an ama go dtí go mbíonn sé ina úsáideoir teanga níos inniúla níos muiníní.

Nuair a bhí na snáitheanna agus torthaí foghlama á gceapadh don tsonraíocht seo, tugadh aird ar leith ar na coincheapa agus na smaointe seo a leanas:


- bíonn teangacha idirghaolmhar agus idirnasctha, go háirithe ag leibhéal an duine aonair
- tugann gach scoláire réimse scileanna teanga uathúil agus éagsúil chuig a eispéireas foghlama teanga féin.
- ní choinnítear teangacha agus cultúir i gcomhpháirteanna intinne astu féin.
- cuireann gach eolas agus taithí ar theangacha le cumas cumarsáide a fhorbairt.
- is féidir bacainní idir teangacha a shárú sa chumarsáid agus is féidir teangacha éagsúla a úsáid go bríoch chun teachtaireachtaí a chur in iúl sa chás céanna.[3]

Cé go bhfuil uimhreacha ar na torthaí foghlama, is ar mhaithe le héascaíocht a dhéantar é sin agus ní thugann sé ordlathas cur chuige le tuiscint. Níl uimhreacha ar na snáitheanna féin toisc go n-aithnítear gur gá inniúlacht chumarsáideach agus inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha a fhorbairt ar bhealach comhtháite chun inniúlacht teanga a shealbhú.

[3] Imleabhar a Ghabhann leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach, Comhairle na hEorpa, 2020, lch 123.

## Snáithe 1: Inniúlacht sa Teanga Chumarsáideach

Tá úsáid teanga lárnach d'fhorbairt na hinniúlachta teanga trí chéile. Rinneadh na torthaí foghlama sa snáithe seo a eagrú faoi na ceithre mhodh cumarsáide a sainaithníodh san Imleabhar a Ghabhann leis an FTCE[4] rud a aibhsíonn nádúr comhtháite na húsáidte teanga agus na cumarsáide, mar a ndéantar ciall a chomhthógáil chun críche réimse leathan de chuspóirí.




Fíor 6: Léaráid de na ceithre mhodh cumarsáide

Cuireann rannpháirtíocht ghníomhach leis na torthaí foghlama sa snáithe seo ar chumas an scoláire cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach san Araibis chun críche cuspóirí bríocha agus chun inniúlacht teanga ar an iomlán a fhorbairt.

Cuimsíonn an tsnáithe seo inniúlachtaí teangeolaíocha, sochtheangeolaíocha agus pragmatacha. Mar a tugadh le fios ar ball, rinneadh na torthaí foghlama sa snáithe seo a eagrú faoi na ceithre mhodh cumarsáide (gabhchumas, idirghníomhú, táirgeadh agus idirghabháil). Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic go gníomhach le tascanna agus gníomhaíochtaí chun a chumas chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach a fhorbairt i réimse leathan de chásanna/comhthéacsanna/cúrsaí.

[4] FTCE, Comhairle na hEorpa, 2001.

## Snáithe 1 Torthaí foghlama

### Torthaí foghlama a bhaineann le gné an Ghabhchumais

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • réimse leathan de théacsanna a fhiosrú ar réimse leathan de thopaicí a bheadh bainteach leis an ngnáthshaol mar aon le topaicí a mbeadh spéis aige féin iontu chun a thuiscint ar an Araibis a dhoimhniú agus chun cur lena fheasacht agus a léirthuiscint ar na cultúir atá bainteach leis an Araibis.<br>• feidhm a bhaint as an eolas úr a bheadh gnóthaithe aige ar mhíreanna agus struchtúir léacsacha agus na straitéisí agus próisis tuisceana a bhíonn ag teastáil chun eolas a bhainistiú a fhorbairt.<br>• plé le réimse leathan téacsanna, atá feiliúnach de réir aoise agus chéim na foghlama teanga | **1.1.** cloí le hidirghníomhaíochtaí sa seomra ranga, lena n-áirítear obair i bpéirí agus i ngrúpaí, cuir i láthair agus treoracha mionsonraithe.<br>**1.2.** plé le réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha dílse ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha i réimse seánraí agus formáidí ar mhaithe le pléisiúr, taighde nó comparáid.<br>**1.3.** eolas sonrach a shainaithint agus a bhailiú ó réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha chun críche cuspóir faoi leith.<br>**1.4.** réimse leathan foclóra a thuiscint ar leibhéal na bhfocal agus na nathanna aonair, mar aon le cora cainte agus comhlogaíocht a úsáidtear go minic i gcomhthéacs.<br>**1.5.** eolas fíriciúil, príomhlíne na hargóinte, tuairimí agus conclúidí difriúla a shainaithint i réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha.<br>**1.6.** na príomhphointí i dtéacsanna liteartha agus neamhliteartha ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha a thuiscint, amhail feasacháin nuachta, fógraí, fógairtí, scéalta agus idirghníomhuithe eile a chuirfí in iúl i réimse de réimeanna agus leaganacha éagsúla den Araibis.<br>**1.7.** cur síos ar dhaoine, áiteanna, imeachtaí, taithí phearsanta, mothúcháin agus dearcthaí a chuirtear in iúl i dteanga laethúil a thuiscint. |

### Torthaí foghlama a bhaineann le gné an Idirghníomhaithe

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an Araibis a úsáid le bheith ag idirghníomhú le daoine eile chun críche na cumarsáide barántúla in idirghníomhuithe duine le duine agus ar líne<br>• idirghníomhuithe scríofa agus labhartha a bhainistiú, a bheadh ag éirí níos casta i rith an ama, trí thascanna agus gníomhaíochtaí rialta cumarsáide. | **1.8.** a bheith ag idirghníomhú le daoine eile ó bhéal agus i scríbhinn chun ceisteanna a chur agus a fhreagairt, chun pleananna a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, nuacht, smaointe agus eolas simplí ar thopaicí a mbeadh cur amach aige orthu, a mbeadh spéis phearsanta aige iontu nó a bheadh tráthúil a mhalartú.<br>**1.9.** a bheith rannpháirteach le daoine eile i gcomhphlé agus díospóireachtaí ar thopaicí a mbeadh cur amach aige orthu, spéis phearsanta iontu nó a bheadh tráthúil. |

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • a n-inniúlacht san Araibis a fhorbairt mar aon le stór iomlán ilteangach agus a bhfeasacht idirchultúrtha lena n-áireofaí straitéisí cumarsáide agus tuisceana chun ciall agus brí a ionramháil.<br>• bealaí a fhoghlaim le cumarsáid a dhéanamh i dtaobh réimse leathan de thopaicí spéise nithiúla agus teibí agus/nó a mbeadh ábharthacht faoi leith ag baint leo agus i réimse de chomhthéacsanna sóisialta, lena n-áireofaí suíomhanna a mbeadh siad cleachta leo, suíomhanna foirmeálta agus suíomhanna neamhfhoirmeálta. | **1.10.** déileáil le formhór na n-idirbheart is dóigh a tharlóidh nuair a fhaightear earraí agus seirbhísí.<br>**1.11.** cumarsáid a chumadh agus a fhreagairt i réimse d'fhormáidí scríofa<br>**1.12.** cuntais a thabhairt ar imeachtaí, taithí agus gníomhaíochtaí sóisialta agus pearsanta, agus freagairt le mionsonraí réasúnacha láithreach in idirghníomhaíochtaí duine le duine agus ar líne.<br>**1.13.** úsáid a bhaint as réimse nathanna, frásaí agus cora cainte chun comhráite simplí duine le duine a thosú, a chothú agus a chríochnú, amhail treoracha a thabhairt, sonraí agus/nó soiléirithe a iarraidh de réir mar is cuí.<br>**1.14.** réimse straitéisí a úsáid chun plé a dhíriú, nó achoimre a dhéanamh ar an bpríomhphointe, tuairisciú ar ais, freagairt don mhéid a dheirtear, iarraidh ar dhaoine eile tuairimí a thabhairt. |

## Torthaí foghlama a bhaineann le gné an Táirgthe

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • téacsanna ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha, a bheadh ag dul i gcastacht de réir a chéile, a chruthú ar réimse leathan de thopaicí a bhaineann leis an ngnáthshaol, mar aon le topaicí a mbeadh spéis aige iontu i réimse pearsanta, poiblí agus oideachasúil na húsáide teanga chun críche cumarsáide agus taitnimh.<br>• a inniúlacht teanga a leathnú san Araibis mar aon lena fheasacht agus a léirthuiscint ar na cultúir a bhaineann leis an Araibis a fhorbairt. | **1.15.** a theachtaireacht a chur in iúl sách soiléir ionas go dtuigfí í le fuaimniú, tuin chainte, strus agus rithim shoiléir go ginearálta.<br>**1.16.** patrúin, struchtúir agus straitéisí teangeolaíocha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le beachtas réasúnach i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach aige orthu.<br>**1.17.** téacs leanúnach agus soiléir a tháirgeadh le litriú, poncaíocht agus réimse seifteanna teangeolaíocha a úsáidtear go cuí chun gnéithe simplí a nascadh.<br>**1.18.** tuairimí, mothúcháin agus eispéiris a chur in iúl, i scríbhinn agus ó bhéal, ar ábhair a bhaineann leis an saol laethúil agus nathanna simplí a úsáid chun tuairimí, pleananna agus/nó gníomhartha a chosaint.<br>**1.19.** réimse téacsanna a chruthú ar ábhair a bhfuil spéis phearsanta aige iontu, i bhformáidí ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha, mar shampla, amhráin, dánta, drámaíocht, scéalta. |

## Torthaí foghlama a bhaineann le gné na hIdirghabhála

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • a chuid tuairimí agus smaointe a fhorbairt, a chur i bhfriotal agus a chomhroinnt, ag éascú na tuisceana agus na cumarsáide le daoine eile.<br>• a bheith ag comhoibriú le smaointe agus tuairimí éagsúla a chomhroinnt, eolas a mhíniú agus a bheith ag obair le chéile chun sprioc a bhaint amach.<br>• ciall a bhaint as rudaí, iad a léirmhíniú, a mhíniú, achoimre a dhéanamh orthu nó athleagan a chur orthu chun brí a chur le chéile nó a chur in iúl, ach úsáid a bhaint as straitéisí cumarsáide agus cúitimh chun tacú le cumarsáid. | **1.20.** na príomhphointí a chur in iúl, i scríbhinn agus ó bhéal, i dtéacsanna liteartha agus neamhliteartha soiléire, dea-struchtúrtha ar ábhair a mbeadh cur amach aige orthu agus a mbeadh spéis phearsanta aige iontu nó a bheadh tráthúil.<br>**1.21.** comhoibriú i dtascanna simplí praiticiúla, ag iarraidh ar dhaoine eile tuairimí a thabhairt, moltaí a dhéanamh agus freagraí a thuiscint, athrá nó athmhúnlú a iarraidh, de réir mar is gá.<br>**1.22.** príomhphointe an mhéid a chloistear/a léitear i ngnáthchásanna intuartha laethúla a chur in iúl, ag iarraidh ar dhaoine eile rudaí a mhíniú, agus tuiscint agus/nó aontú nó easaontú á léiriú.<br>**1.23.** tacú le cultúr cumarsáide comhroinnte trí dhaoine a chur in aithne agus eolas a mhalartú maidir le tosaíochtaí, ag aithint nuair a tharlaíonn deacrachtaí agus ag úsáid frásaí simplí chun comhréiteach agus comhaontú a lorg.<br>**1.24.** freagairt do théacsanna cruthaitheacha liteartha agus neamhliteartha ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha ar réimse de bhealaí, mar shampla, trí imeachtaí a cheangal le taithí phearsanta, ag míniú shuntasacht na n-imeachtaí, ag déanamh nasc eatarthu agus ag déanamh cur síos ar charachtair agus a gcaidrimh.<br>**1.25.** príomhphointí smaointe agus fadhbanna a mhíniú, ag déanamh achoimre ar eolas fíriciúil lena n-áirítear sonraí, ag sainaithint buntáistí agus míbhuntáistí, agus ag tabhairt freagra pearsanta trí théacsanna scríofa agus ilmhódacha i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach aige orthu. |

## Snáithe 2: Snáithe na hInniúlachta Ilteangaí agus Ilchultúrtha

Forbraítear inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha le agus trí úsáid na hAraibise. Mar a leagtar amach sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach:

> Tagraíonn inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha don chumas teangacha a úsáid chun críche cumarsáide agus chun páirt a ghlacadh in idirghníomhú idirchultúrtha, ina mbeadh inniúlacht ag duine, ar gníomhaire sóisialta é, de mhéideanna éagsúla, i roinnt teangacha agus taithí aige ar roinnt cultúr… Ní hé go luíonn na cultúir éagsúla (náisiúnta, réigiúnach, sóisialta) ar a bhfuil fáil ag an duine taobh le taobh go deas simplí; déantar comparáid agus codarsnacht eatarthu agus idirghníomhaíonn siad go gníomhach chun inniúlacht shaibhrithe, chomhtháite ilchultúrtha a tháirgeadh[5]

Eagraítear na torthaí foghlama sa snáithe seo mar seo a leanas:

- Inniúlacht ilteangach
- Inniúlacht ilchultúrtha.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach leis na torthaí foghlama seo lárnach d’fhorbairt na hinniúlacht teanga ar an iomlán.

Sa snáithe seo, forbróidh an scoláire a inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha. Cuirtear luach san ilteangachas ar éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha an scoláire. Ní bhíonn eolas an scoláire ar theangacha agus ar chultúir eile stóráilte ar leithligh óna chéile; idirghníomhaíonn gach eolas agus taithí ar theangacha agus cultúir agus cuireann le tógáil na hinniúlachta cumarsáidí.

Tarraingíonn ilteangachas aird ar an ngá go dtarraingeodh an scoláire ar a acmhainní agus a thaithí theangeolaíoch agus chultúrtha féin chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachais.[6] Cabhraíonn sé sin leis comhthuiscint a bhaint amach, chun rochtain a fháil ar eolas agus dá bhrí sin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a stór teangeolaíoch agus cultúrtha féin. Tá níos mó i gceist leis an aidhm ná ‘máistreacht’ a fháil ar theanga amháin, dhá theanga nó trí theanga, astu féin ach, táthar ag iarraidh ‘stór teangeolaíoch a fhorbairt, mar a mbeadh áit ag gach cumas teangeolaíoch’.[7] Is é atá i gceist i dtuiscint ilteangach, mar shampla, eolas glacach duine i dteanga amháin a úsáid chun brí a bhaint as téacsanna i dteanga eile.

Déantar cur síos, leis an ilchultúrachas, ar úsáid inniúlachtaí ilchultúrtha i gcás cumarsáideach nuair a thagann inniúlachtaí eile seachas inniúlachtaí teanga i gceist.[8] Ní bhíonn na cultúir éagsúla ann ar a bhfuil fáil ag an scoláire taobh le taobh; ní bhíonn siad deighilte go meabhrach. Déantar comparáid agus codarsnacht eatarthu agus idirghníomhaíonn siad go gníomhach lena chur ar chumas an scoláire cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh, mar shampla, éagsúlachtaí in iompraíochtaí (lena n-áireofaí gotha, tuin agus dearcthaí) a chur san áireamh, plé a dhéanamh ar ró-ghinearálú agus steiréitíopaí.[9]

[5] An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach, Comhairle na hEorpa, 2001, lch 168.
[6] Imleabhar a Ghabhann leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach, Comhairle na hEorpa, 2020, lch 123.
[7] An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach, Comhairle na hEorpa 2001, Roinn 1.3, lch 5.
[8] Ibid, lch 53.
[9] Ibid, lch 158.

Snáithe 2 Torthaí foghlama

## Torthaí foghlama a bhaineann le gné na hInniúlachta Ilteangaí

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an Araibis a thuiscint agus a úsáid mar aonán teanga sainiúil a bhfuil a cuid gnéithe teangeolaíocha faoi leith aici amhail gnéithe léacsacha, gramadúla agus fóineolaíocha ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh i ngnáth-theanga na cumarsáide.<br>• cur lena fheasacht ar na cosúlachtaí agus difríochtaí idir an Araibis agus teangacha eile a bheadh ar eolas aige.<br>• líonra a chruthú de na teangacha agus leaganacha go léir a bheadh sé a fhoghlaim mar aon le straitéisí foghlamtha teanga agus cumarsáide lena stór ilteangach a fhorbairt.<br>• tuiscint shoiléir a fhorbairt ar oiriúnacht teanga i gcomhthéacsanna áirithe le spriocphobal áirithe.<br>• neamhspleáchas foghlaimeora a fhorbairt trí dhul sa seans san fhoghlaim agus machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim teanga. | **2.1.** meabhair a bhaint as focail nach bhfuil cur amach aige orthu trí chomhpháirteanna an fhocail a chur san áireamh, ar nós fréamhacha focail agus gnéithe léacsacha, mar aon le comhthéacs níos leithne an téacs ó bhéal, scríofa agus ilmhódach.<br>**2.2.** acmhainní teanga a úsáid (m.sh. foclóir, teasáras, acmhainní gramadaí agus acmhainní ar líne) ar bhonn neamhspleách le cur lena fhorbairt teanga.<br>**2.3.** raon de phatrúin agus struchtúir theangeolaíocha a shainaithint agus a úsáid ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh.<br>**2.4.** straitéisí cumarsáide agus cúitimh a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn bac ar chumarsáid (ar nós cur síos a dhéanamh ar rud éigin cosúil leis, trí chomhchiallaigh, gotha, trasteangú a úsáid) agus dá bhrí sin míthuiscintí a sheachaint.<br>**2.5.** straitéisí foghlama a fhorbairt a thuilleadh chun an Araibis a thabhairt chun cuimhne, a thuiscint agus a úsáid chun críche na cumarsáide ó bhéal agus scríofa.<br>**2.6.** úsáid chruthaitheach a bhaint as a stór ilteangach i dteangacha agus canúintí éagsúla chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile i gcásanna a tharlaíonn gan choinne nó chun ciall a bhaint as téacsanna.<br>**2.7.** cosúlachtaí nó éagsúlachtaí a shainaithint sna bealaí a gcuirtear coincheapa in iúl agus a thuigtear iad i dteangacha agus i gcanúintí difriúla.<br>**2.8.** comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir patrúin theangeolaíocha agus nathanna foclóra in Araibis sna teangacha/cineálacha atá ar eolas aige chun tacú lena thuiscint ar théacsanna ó bhéal, scríofa, agus ilmhódacha.<br>**2.9.** machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama teanga, ag úsáid aiseolais le feabhsú. |

## Torthaí foghlama a bhaineann le gné na hInniúlachta Ilchultúrtha

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • cur lena eolas agus feasacht ar chleachtais agus noirm a bhaineann lena chultúr féin agus le cultúr daoine eile.<br>• a chuid eolais ar chultúr na bpobal a bhfuil baint acu leis an Araibis a dhoimhniú.<br>• eolas a chur ar úsáid iomchuí na ngnásanna a bheadh oiriúnach ó thaobh cultúir de agus éirí níos meabhraí orthu seo.<br>• íogaireacht a léiriú ar dhifríochtaí, a bheith toilteanach soiléiriú a thabhairt agus a iarraidh d'fhonn aon bhaol míthuisceana a sheachaint.<br>• dul i ngleic le réimse leathan de théacsanna, meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhoinsí agus a bheith rannpháirteach le plé agus tascanna ranga. | **2.10.** an cultúr pobail a fhiosrú agus léirthuiscint a fháil dó trí raon meán.<br>**2.11.** taighde agus plé a dhéanamh ar réimse de ghnéithe de chuid tíre/tíortha, pobal agus cultúr ag a mbeadh baint leis an Araibis, mar shampla gnéithe geografacha, imeachtaí suntasacha stairiúla, fíricí, daoine agus áiteanna cáiliúla.<br>**2.12.** taighde a dhéanamh ar ghnéithe den oidhreacht chultúrtha éagsúil, mar shampla bia, béaloideas, ceol, traidisiúin, na healaíona agus reiligiúin.<br>**2.13.** gnéithe de chultúir agus pobail a bhfuil baint acu leis an Araibis, sa saol laethúil, ina ngnásanna sóisialta, caidrimh idirphearsanta agus luachanna agus creidimh a bheadh ag teacht chun cinn, a léirmhíniú trí réimse de théacsanna ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha.<br>**2.14.** feasacht a fhorbairt agus a léiriú ar chustaim, creidimh agus dearcthaí na ndaoine i gcultúir agus i bpobail a mbeadh baint acu leis an Araibis.<br>**2.15.** gnéithe de chultúir agus pobail a mbeadh baint acu leis an Araibis a mhíniú do dhaoine ó chúlraí cultúrtha difriúla, ag úsáid réimse d'fhormáidí agus meáin ábhartha.<br>**2.16.** feasacht agus úsáid chuí gnásanna sóisialta labhartha agus neamhlabhartha a léiriú agus idirghníomhú á dhéanamh le daoine eile.<br>**2.17.** breithniú a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir cultúir a bhfuil baint acu leis an Araibis agus cultúir eile, ag aithint go measúil na mothúcháin agus na dearcthaí a bhíonn ag daoine eile ar chúrsaí an tsaoil.<br>**2.18.** tacú le cumarsáid agus idirghníomhú idir cultúir trí spéis, ionbhá, comhaontú agus tuiscint a léiriú. |

# Teagasc ar son fhoghlaim an scoláire

Tugann Araibis na hArdteistiméireachta deiseanna líonmhara do mhúinteoirí a bheith ag freagairt do bhuanna, riachtanais agus spéiseanna an uile scoláire. Le linn a chuid ama sa tsraith shinsearach, spreagtar an scoláire leis an eolas, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas a bheith níos neamhspleáiche mar fhoghlaimeoir agus tiomantas fad saoil a fhorbairt chun a fhoghlaim teanga a fheabhsú.

## An cur chuige dírithe ar ghníomh

Tá na hionchais maidir le scoláirí atá curtha i bhfriotal sa tsonraíocht seo ailínithe go ginearálta le leibhéil A2 – B1 den FTCE. Is amhlaidh, dá réir sin, go dtugann an tsonraíocht deiseanna chun cumas cumarsáideach agus feasacht theangeolaíoch agus idirchultúrtha a fhorbairt i réimse leathan de comhthéacsanna barántúla ón bhfíorshaol a bhaineann le réimsí pearsanta, poiblí agus oideachasúla[10] na húsáidte teanga. Is é is aidhm do shonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta go n-úsáidfeadh an scoláire an Araibis chun na feidhmeanna a bhaineann leis an ngnáth-idirghníomhú laethúil a chomhlíonadh, thar na ceithre mhodh cumarsáide (gabhchumas, idirghníomhú, táirgeadh agus idirghabháil) ar fud na réimsí pearsanta, oideachasúla agus poiblí d'úsáid teangacha. Ar leibhéal an Úsáideora Bhunúsaigh d'fhoghlaim teangacha, bíonn na foghlaimeoirí rannpháirteach i dtascanna agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar idirghníomhú simplí laethúil ar fud na modhanna seo. Foghlaimíonn an scoláire chun idirghníomhú i gcásanna a bhfuil ábharthacht láithreach ag baint leo, agus baineann sé leas as a eispéireas saoil, agus aistríonn sé a réamheolas, scileanna agus straitéisí chuig foghlaim na hAraibise. Tacaítear le foghlaim trí théacsanna agus eispéiris bharántúla, fíorshaoil. Foghlaimíonn an scoláire chun réimse téacsanna gearra agus simplí a thuiscint agus a chruthú i gcomhthéacsanna coitianta.

Le linn dó éirí ina úsáideoir neamhspleách Araibise, bíonn an scoláire ábalta téacsanna níos faide agus níos casta a thuiscint agus a chruthú faoi ábhair choincréiteacha agus choitianta a bhaineann lena réimse spéise agus lena thaithí. Le linn d'inniúlacht teanga an scoláire a bheith á forbairt ar fud bhanda B1, foghlaimíonn sé chun úsáid a bhaint as réimse níos leithne ábhar, imeachtaí, agus eispéireas a bhaineann lena eispéireas saoil agus lena spéiseanna pearsanta.

Tá an cur chuige dírithe ar ghníomh de chineál solúbtha agus ionchuimsitheach agus cuireann sé ar chumas na múinteoirí úsáid a bhaint as riachtanais agus spéiseanna an scoláire le linn dó a bheith ag pleanáil eispéiris foghlama atá spreagúil, feiliúnach agus bainteach lena gcomhthéacs de réir Thorthaí Foghlama na sonraíochta seo.

Teastaíonn tacaíocht de mhéid agus de chineál difriúil ón scoláire ionas go n-éireoidh leis. Bíonn smaointe agus tuiscint dhifriúil ag gach scoláire maidir le gach tasc nó gníomhaíocht foghlama teanga. Tugtar an tsolúbthacht don scoláire agus do na múinteoirí sa tsonraíocht seo chun úsáid a bhaint as réimse straitéisí foghlama agus teagaisc atá ábhartha agus feiliúnach, amhail leibhéal na scileanna a theastaíonn a athrú, méid agus cineál na tacaíochta ón múinteoir a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú. Is féidir, trí chritéir mheasúnaithe a chruthú agus iad á dtreorú ag na tuairisceoirí atá leagtha amach sa roinn Measúnaithe den tsonraíocht seo, mar aon leis na tuairisceoirí FTCE (féach na haguisíní), tacú a thuilleadh leis an ionchuimsitheacht.

Caitheann an cur chuige dírithe ar ghníomh solas ar chineál sóisialta na teanga agus spreagann sé na múinteoirí chun leas a bhaint as na ceangail idir teanga, sochaí, agus caidrimh idirphearsanta.

[10] Tá eolas breise ar réimsí na húsáidte teanga agus ar an gcur chuige gníomh-dhírithe ar fáil i gcaibidil 2 de FTCE.

## An turas foghlama teanga

Is féidir breathnú ar fhoghlaim agus sealbhú na hAraibise mar thuras foghlama teanga. Díríonn an scoláire sa turas seo ar fhorbairt ina úsáideoir teanga cumasach neamhspleách féinrialaitheach. Cuid thábhachtach den turas is ea foghlaim agus sealbhú teanga roimhe seo. Bíonn ról tábhachtach ag na scileanna atá forbartha ag an scoláire agus a chéad teanga agus aon teanga(cha) eile á sealbhú aige chun an Araibis a shealbhú agus a fhorbairt. Bheadh sé tar éis eolas, scileanna agus straitéisí foghlama teanga a fhorbairt a bheadh inaistrithe go teangacha difriúla, rud a ligfeadh dó ceangal a dhéanamh idir gnéithe den teanga agus eispéiris de chuid an ghnáthshaoil.

Mar chuid den chur chuige gníomh-dhírithe i leith na foghlamtha teanga, bíonn an teagasc agus an fhoghlaim bunaithe ar thascanna agus gníomhaíochtaí cumarsáideacha. Agus an scoláire ag cur tús le foghlaim na hAraibise, tarraingíonn na gníomhaíochtaí seo ar theanga an ghnáth-idirghníomhaithe laethúil agus cuimsíonn topaicí a mbeadh cur amach ag an scoláire orthu óna thaithí saoil féin, mar a bhféadann sé eolas a bhí aige roimhe a aistriú chuig an teanga úr atá á foghlaim aige. De réir mar a fhorbraíonn an scoláire a inniúlacht sa teanga, bíonn sé ag plé le topaicí, imeachtaí agus eispéiris nithiúla mar aon le topaicí a mbeadh spéis phearsanta aige iontu agus nach mbeadh an cur amach céanna ag gach scoláire eile orthu. Bíonn ról lárnach ag spéiseanna pearsanta an scoláire i bhforbairt a inniúlachta teanga ag an gcéim seo den fhoghlaim. De réir mar a fhorbraíonn sé ina úsáideoir teanga níos neamhspleáiche, is minice a bhíonn sé in ann tascanna agus gníomhaíochtaí níos casta a ionramháil, agus iad ag baint le topaicí nach mbeadh an cur amach céanna aige orthu agus teanga a bheadh ag éirí níos casta i rith an ama i réim iontu.

Is í an féinfheasacht an uirlis is éifeachtaí ar féidir le foghlaimeoirí teanga a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh. Le cabhair agus aiseolas ón múinteoir agus trí mhachnamh a dhéanamh ar a thuras foghlama teanga, glacann an scoláire na céimeanna riachtanacha chun a inniúlacht teanga a fhorbairt. Comhoibríonn an múinteoir agus an scoláire ar an ngné seo den fhoghlaim teanga ar feadh an tsaoil. Soláthraíonn úsáid idirghníomhach chumarsáideach na hAraibise idir an bheirt pháirtithe an t-ionchur atá ríthábhachtach don fhorbairt teanga. Tá saineolas ag an múinteoir sa teanga agus tá eolas ar leith agus scileanna speisialta aige maidir le teagasc agus measúnú teanga chun an fhoghlaim a éascú. Nuair a thagann an scoláire ar dhúshláin agus deacrachtaí, tugann an múinteoir treoir, spreagadh, cabhair, aiseolas agus tacaíocht dó ionas gur féidir leis dul chun cinn a dhéanamh. Tá tábhacht ar leith ag baint le haschur don scoláire ar an turas seo, mar atá le timpeallacht foghlama a bheadh saibhir ó thaobh teanga de agus deiseanna chun úsáid a bhaint as an teanga agus a bheith ag idirghníomhú léi. Le tacú leis an timpeallacht sin a bheadh saibhir ó thaobh teanga de, tá sé inmhianaithe go spreagfaí an scoláire agus go gcuirfí scafláil ar fáil dó le go bhféadann sé dul i ngleic le téacsanna dílse. Tá cuntas ar ról agus úsáidí na dtéacsanna sa chéad rannán eile.

Bíonn ról freisin ag na comhscoláirí, an timpeallacht foghlama agus an pobal. Trí leas a bhaint as deiseanna chun cumarsáid a dhéanamh le comhscoláirí in obair ghrúpaí, obair i mbeirteanna agus gníomhaíochtaí comhoibritheacha eile agus trí bheith ag tabhairt faoi thascanna san Araibis, féadann an scoláire a bheith ag idirghníomhú san Araibis agus scileanna a fhorbairt sa chumarsáid, éisteacht le daoine eile agus machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre féin agus ar obair a chomhscoláirí.

Má théitear i ngleic le réimse tascanna agus gníomhaíochtaí teanga bríocha, cuirfear ar chumas an scoláire ceannas a ghlacadh ar a fhoghlaim féin, á spreagadh chun spriocanna a leagan amach, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt, agus freagairt d'aiseolas measúnaithe agus machnamh a dhéanamh air. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim agus soláthróidh siad faisnéis atá inúsáidte mar aiseolas. Sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a cheapadh agus/nó a sheachadadh ar na bealaí is oiriúnaí do riachtanais an scoláire aonair agus a scileanna teanga. De thoradh tascanna cuí, fíorshaoil agus mealltacha a shocrú, trí

cheisteanna ardoird a chur, agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an scoláire chun cinn, tacóidh an measúnú le foghlaim chomh maith le gnóthachtáil a ghabháil.

Uirlis eile a úsáideann an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh is ea an bhreathnóireacht. Cruthaítear braistint fiosrachta agus mian chun foghlama, agus éiríonn an scoláire féinfheasach. Tríd an bhfeasacht sin, aithníonn sé an difríocht idir leibhéal a chórais teanga féin (idirtheanga) agus leaganacha agus samplaí níos cruinne agus níos nádúrtha den teanga a thairgeann daoine eile. Tuigeann sé an chúis a ndéanann sé botúin agus glacann sé freagracht as na botúin sin a cheartú, chun teanga níos saibhre, níos cruinne a tháirgeadh iad féin.

Mar atá leagtha amach thíos, féadfaidh an scoláire a phunann teanga a úsáid chun cur síos rialta a dhéanamh ar an méid a bhreathnaíonn sé faoin teanga agus féadfaidh sé machnamh a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus ar chultúir agus pobail a bhfuil baint ag an Araibis leo. D'fhéadfadh sé cur síos a dhéanamh freisin ar na céimeanna is gá dó a ghlacadh chun dul chun cinn a dhéanamh mar scoláire agus mar úsáideoir teanga. Beidh na gnéithe sin mar bhuntaca lena dhul chun cinn leanúnach sa teanga.

## Ról agus úsáidí na dtéacsanna i bhfoghlaim na hAraibise

Bunphrionsabal de chuid na sonraíochta seo is ea an nádúr comhtháite a bhaineann le forbairt na scileanna teanga agus leis an iniúchadh ar théacsanna (idir théacsanna liteartha agus neamhliteartha). Agus téacsanna á bhfiosrú aige, síneann an scoláire a chuid scileanna tuisceana, a scileanna anailísíochta agus a scileanna ginearálta foghlama agus, trína dhéanamh seo, baineann feidhm as a chuid scileanna agus inniúlachtaí teanga go léir, sna ceithre mhodh cumarsáide.

Baintear úsáid as téacsanna liteartha agus neamhliteartha Araibise chun tacú le forbairt chomhtháite scileanna agus inniúlachtaí an scoláire. Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga—teanga labhartha, scríofa, fhísiúil, nó ilmhódach.

| Príomhthéarmaí a bhaineann le húsáid téacsanna in Araibis na hArdteistiméireachta | |
|---|---|
| **Téacs dílis** | téacs liteartha nó neamhliteartha a chruthófaí chun cuspóir pearsanta nó sóisialta nó cuspóir barántúil cumarsáide a chomhlíonadh sa phobal teanga inar cruthaíodh é. |
| **Seánra** | seo an téarma a úsáidtear leis an gcineál téacs, pé acu ó bhéal nó scríofa, a léiriú. Baineann spriocanna agus patrúin eagrúcháin faoi leith le seánraí, ag brath ar a gcuspóir agus ar a spriocphobal, agus bíonn réim theanga iomchuí acu. |
| **Téacs liteartha** | téacs cruthaitheach a léiríonn nó ina leagtar amach cás duine faoi leith, scéal, dán, amhrán nó dráma a bheadh bunaithe ar mhothúcháin, taithí saoil agus cuimhní cinn duine éigin. Faigheann an scoláire léargas ar chultúr a phobail teanga féin agus ar chultúir eile trí bheith ag plé le téacsanna liteartha. |
| **Téacs ilmhódach** | ceanglaíonn an teanga de chórais eile cumarsáide, mar shampla téacs clóite, íomhánna amhairc, fuaim agus an focal labhartha. |
| **Téacs neamhliteartha** | téacs a chruthaítear le heolas nó faisnéis a chomhroinnt. D'fhéadfadh sé gnéithe liteartha a bheith le sonrú i dtéacs neamhliteartha. |
| **Téacs ó bhéal** | cineál cumarsáide a labhraítear nó a chuirtear ar aghaidh ó bhéal go béal. |

Tábla 1: Príomhthéarmaí a bhaineann le húsáid téacsanna in Araibis na hArdteistiméireachta

Baintear úsáid as téacsanna liteartha agus neamhliteartha Araibise chun tacú le forbairt chomhtháite scileanna agus inniúlachtaí an scoláire. Is ionann éagsúlacht shaibhir fhairsing dá leithéid de théacsanna agus foinse thábhachtach teanga don scoláire. Forbraíonn sé feasacht ar na meáin/ comhthéacsanna éagsúla inar féidir an Araibis a úsáid trí bheith ag plé le agus ag cruthú téacsanna a mbíonn éagsúlacht d'fheidhmeanna leo. Ligeann sé seo don scoláire a fheasacht teanga agus a fheasacht mar fhoghlaimeoir teanga a fhorbairt, rud a chumhachtaíonn é lena inniúlacht teanga agus a chuid cumas cruthaitheach a léiriú thar réimse de sheánraí san Araibis.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le litríocht na hAraibise sa tsonraíocht seo agus tá ról lárnach aici i dtaca le sealbhú teanga an scoláire agus an próiseas foghlama. Tá an litríocht tábhachtach ó thaobh fhoghlaim agus comhthéacsú na teanga de. Is acmhainn thábhachtach í a thugann léargas don scoláire ar ghnéithe den chultúr a bhaineann leis an Araibis. Is acmhainn thábhachtach í an litríocht freisin maidir le forbairt phearsanta agus forbairt na féiniúlachta cultúrtha.

In Araibis na hArdteistiméireachta, beidh an scoláire ag plé le réimse de théacsanna dílse liteartha agus neamhliteartha Araibise ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha in éagsúlacht de sheánraí agus formáidí. Cuimsíonn sé seo téacsanna ficsin agus neamhfhicsin lena n-áirítear, mar shampla, ailt irisleabhair agus nuachtáin, fógairtí, fógraí, grafaicí eolais, mar aon le dánta, gearrscéalta, scannáin, úrscéalta simplí, scannáin, cláir teilifíse, cláir faisnéise etc., lena gcuirfí spéiseanna an scoláire agus a spreagadh chun foghlama san áireamh. Is iad na scoláirí féin agus a gcuid múinteoirí a roghnóidh na téacsanna seo.

| | |
|---|---|
| **Scileanna agus inniúlachtaí** | Is acmhainn foghlama í litríocht na hAraibise:<br>• lena gcuirtear le stór focal agus saibhreas cainte an scoláire<br>• lena soláthraítear samplaí de chruinneas teanga agus tréithe gramadaí i gcomhthéacs na teanga beo<br>• lena gcumhachtaítear an scoláire chun tabhairt faoi léitheoireacht ar bhonn neamhspleách<br>• lena gcabhraítear leis an scoláire scileanna anailísíochta agus smaointeoireacht neamhspleách a fhorbairt. |
| **Cultúr agus oidhreacht na bpobal Araibise** | Tugann litearthacht na hAraibise léargas agus tuiscint don scoláire:<br>• ar chultúr, stair agus oidhreacht na bpobal Araibise san am atá caite agus san am i láthair<br>• ar ghnéithe d'oidhreacht chultúrtha agus pholaitiúil na bpobal Araibise<br>• ar an Araibis féin mar mheán cruthaitheach agus mar theanga bheo phobail<br>• ar an timpeallacht agus ar an oidhreacht chultúrtha ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| **Forbairt phearsanta agus comhbhá** | Cothaíonn léamh na litríochta an tsamhlaíocht agus an fhéintuiscint ar éagsúlacht de shlite. Is é a dhéanann sé:<br>• cuireann spreagadh meabhrach agus samhlaíoch ar fáil don scoláire.<br>• spreagann cruthaitheacht agus smaointeoireacht úr sa scoláire.<br>• cothaíonn forbairt na daonnachta sa scoláire agus spreagann comhbhá agus íogaireacht mhothúchánach.<br>• cuireann dúshlán an scoláire agus meallann é le tuiscint a chuir ar léargais chontrártha agus imeacht lastall de theorainneacha a thaithí féin.<br>• forbraíonn tuiscint ar áilleacht na litríochta féin agus ar an taitneamh a bhaineann leis an léitheoireacht. |

Tábla 2: Achoimre ar ról na dtéacsanna sa phróiseas foghlama

## Punann Teanga

I gcaitheamh an dá bhliain d'Araibis na hArdteistiméireachta, forbraíonn gach foghlaimeoir Punann Teanga. Dírítear sa phunann teanga ar thuras teanga an scoláire, ar phróiseas agus ar an dul chun cinn maidir lena chuid eispéireas foghlamtha teanga. Cuireann sé an scoláire i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe agus éascaíonn sé an fhoghlaim neamhspleách.

Is é cuspóir na punainne teanga spás a chruthú inar féidir leis an scoláire taifead agus machnamh a dhéanamh ar a inniúlacht teanga atá á forbairt aige. Tugann sí deis dó spriocanna foghlama pearsanta a leagan amach sna ceithre mhodh cumarsáide (gabhchumas, idirghníomhú, táirgeadh agus idirghabháil) agus chun a inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha a fhorbairt trí éirí níos feasaí air féin mar scoláire agus úsáideoir teanga.

Nuair a úsáidtear an phunann teanga, tacaítear le measúnú foirmitheach sa seomra ranga teanga agus éascaítear don scoláire a chuid gnóthachtála ó thaobh fhoghlaim na teanga de a léiriú. Tá féinmheasúnú ina chuid bhunúsach den phunann teanga agus spreagtar an scoláire chun spriocanna a leagan síos dá fhoghlaim agus monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin trí mhachnamh measúnaithe. Anuas ar an aiseolas ón múinteoir, spreagfar an scoláire chun féinmheasúnú agus piarmheasúnú a dhéanamh ar a chuid oibre. Forbróidh sé seo a neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir agus mar úsáideoir teanga a thuilleadh.

Cuimseoidh an phunann teanga raon leathan de mhíreanna, amhail téacsanna scríofa, tionscadail, ábhair chlosamhairc, taifid foghlama, machnamh an scoláire agus spriocanna foghlama. Aithnítear gur féidir, sa chomhthéacs seo, téacsanna a chruthaigh an scoláire féin a chur i láthair i bhformáidí difriúla – lámhscríofa, ilmhódach agus mar sin de.

Trína húsáid mar bhealach chun doiciméadú agus machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim, cabhróidh an phunann leis an scoláire feasacht a fhorbairt ar an bpróiseas foghlama teanga, straitéisí foghlama teanga a fhorbairt agus a bheith níos neamhspleáiche ina fhoghlaim teanga.

Mar a pléadh sa rannán measúnaithe den tsonraíocht seo, tabharfaidh an scoláire faoi chomhrá faoina phunann teanga le linn na béaltrialach. Spreagann an phunann teanga comhrá agus comhphlé. Ach ní dhéanfar measúnú ar an bpunann féin chun críche teistiúcháin.

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Tacaíonn an measúnú leis an bhfoghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá trí chomhpháirt measúnaithe ann: scrúdú scríofa agus dhá chomhpháirt measúnaithe bhreise a chuimsíonn scrúdú cluastuisceana agus béaltriail. Beidh an scrúdú scríofa agus an chomhpháirt measúnaithe bhreise, an scrúdú cluastuisceana, ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Sa chomhpháirt measúnaithe bhreise, an béaltriail, beidh taisc choiteanna ann don ardleibhéal agus don ghnáthleibhéal. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar Araibis na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 2). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla. Léireofar i ngach comhpháirt den mheasúnú cineál comhtháite na snáitheanna atá leagtha amach sa tsonraíocht seo. Tá príomhscileanna na sraithe sinsearaí (Fíor 2) fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta seo agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama.

| Comhpháirt measúnaithe | Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|---|
| Béaltriail | 25% | 30% |
| Scrúdú cluastuisceana | 30% | 25% |
| Scrúdú scríofa | 30% Léitheoireacht | 25% Léitheoireacht |
| | 15% Scríbhneoireacht | 20% Scríbhneoireacht |

Tábla 3: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

Tá an t-ualú difriúil a bhaineann le gach comhpháirt sa ghnáthleibhéal agus san ardleibhéal bunaithe ar an tuiscint, d'fhormhór na bhfoghlaimeoirí teanga, gur tapúla a fhorbraítear scileanna glacacha ná mar a fhorbraítear scileanna táirgeachta i rith phróiseas na foghlama teanga. Dá bhrí sin, leithdháiltear ualú níos mó ar thascanna glacacha ag an ngnáthleibhéal agus ar thascanna táirgeachta agus idirghníomhaithe ag an ardleibhéal.

# Comhpháirt measúnaithe bhreise: Béaltriail

Déanfar measúnú leis an mbéaltriail ar inniúlacht sa teanga labhartha i gcomhréir leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht seo. Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfar réimse de thorthaí foghlama a mheasúnú sa dá shnáithe de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar amach thíos.

Déanfar an méid seo a leanas sa bhéaltriail:

- díreofar ar chumas an scoláire páirt a ghlacadh i roinnt tascanna gabhchumais, idirghníomhaithe, táirgthe agus idirghabhála, agus an Araibis in úsáid go hiomchuí éifeachtach aige, chun brí a ionramháil.
- cuimseofar plé ar rogha téacsanna óna Phunann Teanga.[11] Le linn na béaltrialach, bainfear feidhm as an bpunann teanga le comhrá agus comhphlé a spreagadh. Is amhlaidh, áfach, nach ndéanfar measúnú ar an bpunann féin chun críche teistiúcháin.

Sa bhéaltriail, dírítear ar inniúlacht labhartha agus ar an teachtaireacht a chur in iúl go soiléir. Le linn na béaltrialach, bainfear úsáid as an Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha leis na ceisteanna a chur.

Féadann an scoláire scileanna agus straitéisí idirghabhála a úsáid agus é ag freagairt ceisteanna.

[11] Féach leathanach 28 i gcomhair tuilleadh eolais faoin bPunann Teanga.

## Tuairisceoirí cáilíochta don Bhéaltriail

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann an scoláire amach sa Bhéaltriail.

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Cur i gcrích an Taisc | Is féidir leis an teachtaireacht a chur in iúl ina hiomláine agus go soiléir agus léiríonn leibhéal ard feasachta ar an réim iomchuí don chomhthéacs agus don sprioclucht éisteachta. | Is féidir leis an teachtaireacht a chur in iúl ar bhealach soiléir go leor le go dtuigfear í, léiríonn sé leibhéal maith feasachta ar an réim iomchuí donchomhthéacs agus don sprioclucht éisteachta. | Is féidir leis an teachtaireacht a chur in iúl go measartha soiléir, léiríonn sé leibhéal teoranta feasachta ar an réim iomchuí don chomhthéacs agus don sprioclucht éisteachta. |
| Idirghníomhú | Is féidir leis idirghníomhuithe a thosú, a chothú agus a chríochnú go muiníneach i gcomhráite gan script i réimse leathan de chásanna agus topaicí a mbeadh cur amach aige orthu. | Is féidir leis frásaí simplí díreacha a úsáid le hidirghníomhuithe a thosú, a chothú agus a chríochnú i gcomhráite gan script i gcásanna agus le topaicí a mbeadh cur amach aige orthu, má thacaíonn an t-idirghabhálaí leis. | Is féidir leis idirghníomhuithe a thosú, a chothú agus a chríochnú le muinín agus éifeachtacht theoranta i gcomhráite gan script ar chásanna agus topaicí a mbeadh an-chur amach aige orthu agus an t-idirghabhálaí ag comhoibriú leis. |
| Idirghabháil | Is féidir leis na príomhphointí i dtéacsanna a achoimriú faoi ábhair spéise agus is féidir leis tuilleadh ceisteanna a fhreagairt faoi shonraí (m.sh. carachtair, imeachtaí, eispéiris agus mothúcháin).<br><br>Is féidir leis ceisteanna iomchuí a chur lena chinntiú go dtuigeann sé na coincheapa a míníodh.<br><br>Is féidir leis straitéisí cumarsáide agus cúitimh a úsáid go cruthaitheach agus go feiliúnach chun cumarsáid a chothú. | Is féidir leis na príomhphointí a achoimriú i dtéacsanna, agus cúnamh a fháil ó mhodhanna eile in amanna chun cuidiú leis an gcumarsáid. Is féidir leis tuilleadh ceisteanna a fhreagairt faoi phríomhghnéithe i dteanga laethúil a úsáidtear go rímhinic.<br><br>Is féidir leis ceisteanna simplí a fhreagairt ar mhaithe le soiléiriú agus chun an comhrá a choinneáil ar siúl.<br><br>Is féidir leis straitéisí cumarsáide agus cúitimh a chur i bhfeidhm go cuí chun míthuiscintí a sheachaint. | Is féidir leis na príomhphointí a achoimriú i dtéacsanna gearra agus simplí, agus cúnamh a fháil ó mhodhanna eile le haghaidh a stóir theoranta chun cur leis an gcumarsáid.<br><br>Is féidir leis a fhreagairtí ar phíosa oibre a chur in iúl, agus a mhothúcháin agus a smaointe a léiriú i dteanga shimplí.<br><br>Is féidir leis ceisteanna fánacha a fhreagairt lena thaispeáint go dtuigeann sé an méid atá i gceist. |
| Inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha | Is féidir leis ardleibhéil feasachta agus tuisceana a léiriú ar na cultúir a bhaineann leis an Araibis, a bheadh oiriúnach don tasc agus dá chéim foghlama. | Is féidir leis leibhéil leorga feasachta agus tuisceana a léiriú ar na cultúir a bhaineann leis an Araibis, a bheadh oiriúnach don tasc agus dá chéim foghlama. | Is féidir leis fíorbheagán feasachta nó tuisceana a léiriú ar na cultúir a bhaineann leis an Araibis, a bheadh oiriúnach don tasc agus dá chéim foghlama. |

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Raon | Tá raon leorga teanga aige le go bhféadfadh sé cur síos soiléir a dhéanamh agus dearcthaí a chur in iúl maidir le bunús na dtopaicí ginearálta agus roinnt foirmeacha abairte níos casta in úsáid aige chun é sin a dhéanamh.<br>Is féidir leis seicheamh nasctha líneach de phointí a dhéanamh. | Tá dóthain teanga aige le comhrá a dhéanamh, agus foclóir leorga aige chun é féin a chur in iúl, le beagán moilleadóireachta, ar thopaicí amhail an teaghlach, caitheamh aimsire agus spéiseanna, cúrsaí oibre, taisteal agus imeachtaí reatha.<br>Is féidir leis gnéithe níos giorra a nascadh ina seichimh cheangailte. | Úsáideann sé patrúin abairte bhunúsacha le frásaí atá de ghlanmheabhair aige, grúpaí de roinnt bheag focal/comharthaí agus foirmlí chun eolas teoranta a chur in iúl, i gcásanna simplí, gnáthlae.<br>Is féidir leis nascóirí simplí a úsáid amhail 'agus', 'ach' nó, 'mar'. |
| Cruinneas agus líofacht | Is féidir leis leanúint leis ar bhealach sothuigthe agus gan ach beagáinín stadanna nó moilleadóireachta ann nó é a bheith ag cuardach an fhriotail chuí agus gan ach fíor-bheagán earráidí ann a n-eascródh míthuiscint astu.<br>Déanann sé féincheartú nuair is cuí. | Is féidir leis é féin a chur in iúl ar bhealach intuigthe, ach stadanna a bheith ann, go háirithe le sleachta níos faide. Bíonn na nathanna a úsáideann sé go minic i gcásanna intuartha réasúnta cruinn. | Is féidir leis abairtí an-ghearra agus an-simplí a úsáid, agus a lán stadanna, moilleadóireachta agus athfhoirmithe iontu.<br>Úsáideann roinnt struchtúr mar is ceart, ach déanann botúin bhunúsacha. |

Tábla 4: Tuairisceoirí cáilíochta don Bhéaltriail

## Comhpháirt measúnaithe bhreise: Scrúdú cluastuisceana

Déanfar measúnú leis an scrúdú cluastuisceana ar scileanna cluastuisceana i gcomhréir leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht seo. Trína dhéanamh seo, déanfar réimse de thorthaí foghlama a mheasúnú sa dá shnáithe.

Déanfar measúnú sa scrúdú cluastuisceana ar chumas an scoláire plé le héagsúlacht de thascanna gabhchumais, idirghníomhaithe, táirgthe agus idirghabhála, i gcomhréir le torthaí foghlama na sonraíochta agus leis na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach thíos.

Le linn an scrúdaithe cluastuisceana, beidh an scoláire ag plé le hábhar spreagthach labhartha a léireodh úsáid na hAraibise san fhíorshaol i réimse de chomhthéacsanna fíorshaoil. Beidh na hábhair a chuirfear ina láthair san Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha le go mbeidh siad insroichte ó thaobh teanga de do réimse éagsúil de chainteoirí Araibise.

## Tuairisceoirí cáilíochta don Scrúdú Cluastuisceana

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann an scoláire amach sa Scrúdú Cluastuisceana.

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Tuiscint/ Idirghabháil | Is féidir leis na príomhphointí a thuiscint i gcaint níos giorra agus caint shínte ar thopaicí a mbeadh cur amach aige orthu, a mbeadh spéis phearsanta aige iontu agus a bheadh tráthúil, i raon comhthéacsanna éagsúla.<br>Is féidir leis ábhar téacsanna simplí eolais a chur in iúl ina chuid focal féin go soiléir.<br>Is féidir leis nótaí soiléire a dhéanamh ar chur i láthair atá struchtúrtha go maith ar ábhar laistigh dá réimse spéise nó dá thaithí. | Is féidir leis caint níos giorra agus caint shínte a thuiscint ar thopaicí a mbeadh cur amach aige orthu, a mbeadh spéis phearsanta aige iontu agus a bheadh tráthúil.<br>Is féidir leis an t-eolas ábhartha i dtéacsanna simplí a chur in iúl ina chuid focal féin.<br>Is féidir leis eolas riachtanach a shainaithint i dtéacs faisnéiseach simplí.<br>Is féidir leis príomhphointí a liostú le linn láithreoireacht shimplí ar ábhar a bhfuil cur amach aige air. | Is féidir leis comhráite, tuairiscí agus comhphlé gairid simplí a thuiscint nuair a bhíonn cur amach aige ar na hábhair.<br>Is féidir leis an pointe a rinneadh i dteachtaireachtaí, treoracha agus fógraí gairide soiléire simplí a chur in iúl, má léirítear go mall iad.<br>Is féidir leis nótaí simplí a bhreacadh síos le linn láithreoireacht ghearr ar ábhair dhothuartha a bhfuil cur amach aige orthu. |
| Inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha | Is féidir leis a inniúlachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha a úsáid chun ciall a bhaint as téacsanna. | Is féidir leis úsáid na n-inniúlachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha a léiriú chun ciall a bhaint as téacsanna. | Is féidir leis úsáid na n-inniúlachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha a léiriú go teoranta chun ciall a bhaint as téacsanna. |

Tábla 5: Tuairisceoirí cáilíochta don Scrúdú Cluastuisceana

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- cumas an scoláire plé la hábhar spreagthach scríofa agus ilmhódach a chuirfí ina láthair san Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha le réimse de thascanna gabhchumais, idirghníomhaithe, táirgthe agus idirghabhála a chur i gcrích, i gcomhréir le snáithí agus torthaí foghlama na sonraíochta
- cumas an scoláire cumarsáid éifeachtach chruinn a dhéanamh san Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha
- cumas an scoláire teachtaireacht a chur in iúl go soiléir agus feasacht a léiriú ar thionchar an lucht léitheoireachta agus na réime ar úsáid iomchuí teanga
- eolas agus feasacht an scoláire ar ghnéithe de phobail nó cultúir a mbeadh baint acu leis an Araibis.

Cuirfear an t-ábhar spreagthach a mbainfear feidhm as sa scrúdú scríofa i láthair san Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha. Freagróidh an scoláire san Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha agus úsáidfidh sé scileanna agus straitéisí idirghabhála leis an gcumarsáid a éascú.

# Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo d'Araibis na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Cuimsítear scrúdú scríofa leis an measúnú don teistiúchán in Araibis na hArdteistiméireachta, dar luach 45% de na marcanna ar fad agus dhá chomhpháirt bhreise dar luach 55%. Sa chomhthéacs seo, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), agus tá sí deartha chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm is atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na hoiriúntais seo.

Is cúinsí iad sin inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasaithe, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na hoiriúntais atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula ndéanfaidh an scoláire cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar Araibis na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire agus a thuismitheoirí, le comhairle ón scoil, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraithe na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an bhfuil sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó más rud é go bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach bhfuil sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar scrúdú Araibis na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal. Is é grád 1 an grád is airde, is é grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde, 1–7 – roinntear iad ina raonta cothroma atá 10% ar leithead an ceann. Bronntar grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 – 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

Tábla 6: Scála grádúcháin na hArdteistiméireachta

# Aguisín 1 Gluais

Tá sé i gceist go soiléireoidh an ghluais seo coincheapa agus téarmaí a úsáideadh sa tsonraíocht seo.

| | |
|---|---|
| **An Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha** | Is í an Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha an teanga oifigiúil a theagasctar agus a úsáidtear i suíomhanna foirmeálta, amhail ar scoil, san ollscoil agus sna meáin chumarsáide oifigiúla. Is teanga choiteann í an Araibis Chaighdeánach Nua-aimseartha i ngach tír ina labhraítear Araibis. |
| **An Araibis Chanúnach** | Baintear feidhm as an Araibis Chanúnach sa ghnáthshaol, sa bhaile, mar shampla, agus in áit an mhargaidh, sa tsráid, i mbialanna, i gcaiféanna agus i gcultúr coiteann na ndaoine agus ar na meáin shóisialta. Athraíonn an Araibis Chanúnach de réir an tsuímh gheografaigh ina labhraítear í. |
| **An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach** | An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha, arna fhoilsiú ag Comhairle na hEorpa in 2001. Creat tagartha atá anseo a chuireann uirlisí, treoirlínte agus acmhainní ar fáil chun curaclaim, téacsleabhair, uirlisí measúnaithe agus cláir teanga a fhorbairt le tacú le teagasc agus foghlaim teangacha. Foilsíodh Imleabhar a Ghabhann le FTCE in 2020. |
| **Breisteangachas** | Cómhaireachtáil teangacha éagsúla sa tsochaí. |
| **Cluastuiscint** | I ngníomhaíochtaí gabhchumas cluastuisceana, faigheann agus próiseálann an t-úsáideoir teanga ionchur labhartha ó chainteoir amháin nó níos mó.[12] |
| **Dírithe ar ghníomh** | Féachtar ar an scoláire sa chur chuige seo mar ghníomhaire sóisialta agus rannpháirtí gníomhach ina chuid foghlama féin. Tugtar le fios go mbeidh an Araibis in úsáid ag an scoláire agus é páirteach i dtascanna bríocha, comhoibritheacha. |
| **Foghlaim teanga bunaithe ar thascanna** | Cur chuige i leith foghlaim teanga ina dtéann an scoláire i ngleic le tascanna fíorshaoil agus tascanna barántúla trí chumarsáid, ag tabhairt deiseanna bríocha chun an teanga a shealbhú trína húsáid. |
| **Gabhchumas** | Teanga a ghabháil agus a phróiseáil trí éisteacht agus/nó léamh. |
| **Idirghabháil** | San idirghabháil, feidhmíonn an t-úsáideoir/foghlaimeoir mar ghníomhaire sóisialta a chruthaíonn droichid agus a chabhraíonn chun brí a chruthú nó a chur in iúl, uaireanta laistigh den teanga chéanna, uaireanta ó theanga amháin go teanga eile (eadráin trasteanga). Dírítear ar ról na teanga i bpróisis ar nós spás agus coinníollacha a chruthú don chumarsáid agus/nó foghlaim, comhoibriú chun brí nua a thógáil, daoine eile a spreagadh chun brí nua a thógáil nó a thuiscint, agus eolas nua a chur ar aghaidh i bhfoirm chuí. Is féidir an comhthéacs a bheith sóisialta, oideolaíoch, cultúrtha, teangeolaíoch nó gairmiúil. |
| **Idirghníomhú** | Áirítear le hidirghníomhú cumarsáid, comhoibriú, glacadh sealanna agus/nó soiléiriú a iarraidh chun brí a chur le chéile agus tá sé bunúsach d'fhoghlaim teanga. |
| **Idirghníomhú ó bhéal** | San idirghníomhú ó bhéal, bíonn beirt daoine, ar a laghad, rannpháirteach i gcomhrá ina malartaítear an táirgeadh agus an ghabháil agus inar féidir, go fiú, forluí a bheith ann idir an bheirt.[13] |
| **Ilchultúrachas** | In inniúlacht chultúrtha duine, ní hé go luíonn na cultúir éagsúla (náisiúnta, réigiúnach, sóisialta) ar a bhfuil fáil ag an duine taobh le taobh go deas simplí; déantar comparáid agus codarsnacht eatarthu agus idirghníomhaíonn siad go gníomhach chun inniúlacht shaibhrithe, chomhtháite ilchultúrtha a tháirgeadh.[14] |

[12] FTCE, Comhairle na hEorpa, 2001, lch 65.
[13] FTCE, Comhairle na hEorpa, 2001, lch 9
[14] Ibid, lch 6.

| | |
|---|---|
| **Ilteangachas** | Stór focal teangeolaíoch dinimiciúil agus forbartha de chuid an úsáideora/fhoghlaimeora aonair is ea ilteangachas[15] ina dtarraingíonn sé ar a acmhainní agus a thaithí theangeolaíocha agus chultúrtha féin chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachais.[16] |
| **Ionchur** | Treoracha, ábhair, etc., roghnaithe nó curtha ar fáil ag múinteoirí agus/nó foghlaimeoirí.[17] |
| **Táirgeadh ó bhéal** | cineál cumarsáide a labhraítear nó a chuirtear ar aghaidh ó bhéal go béal. |
| **Téacs** | Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga—teanga labhartha, scríofa, físiúil, nó ilmhódach. Ceanglaíonn téacsanna ilmhódacha an teanga de chórais eile le haghaidh cumarsáide, mar shampla téacs clóite, íomhánna amhairc, fuaim agus an focal labhartha. |
| **Téacs ó bhéal** | I ngníomhaíochta táirgthe urlabhra, táirgeann an t-úsáideoir teanga aschur labhartha. |
| **Téacsanna dílse** | Téacs liteartha nó neamhliteartha a cruthaíodh chun cuspóir pearsanta nó sóisialta nó cuspóir barántúil cumarsáide a chomhlíonadh, sa phobal teanga inar cruthaíodh é. |
| **Toradh** | Teanga a chumfadh nó a chruthódh an scoláire féin. |
| **Trasteangú** | An próiseas trína n-úsáideann cainteoirí breisteangacha a stór focal ilteangach, mar chóras teanga comhtháite. Tugtar códmhalartú air seo freisin. |

# Aguisín 2 An Fráma Tagartha Comónta Eorpach

Mar go meastar na hionchais don scoláire sa tsonraíocht seo a bheith ailínithe le leibhéil A2/B1 den FCTE (Comhairle na hEorpa, 2020), is samplaí iad na scálaí tuairisceora léiritheacha a leanas a tógadh uaidh. Níl sé i gceist go n-úsáidfí iad in ionad na dtorthaí foghlama, ach tugtar iad le go dtabharfaidís treoir maidir le leibhéil A2 agus B1. Is féidir scálaí tuairisceora léiritheacha an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpaigh a fháil san Imleabhar a Ghabhann leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach (ibid). Is féidir teacht ar na torthaí foghlama ar leathanaigh 38–45 den tsonraíocht seo.

15 Ibid, lch 28.
16 Ibid, lch 157.
17 Ibid, lch 55.

## Forléargas ar Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha FCTE

Léiríonn an forléargas seo nádúr forchéimnitheach na foghlama teanga. Gluaisfidh an scoláire trasna na leibhéal ar bhealach saoráideach casta.

| A1 | A2 | B1 | B2 | C1 | C2 |
|---|---|---|---|---|---|
| Is féidir leis nathanna cainte laethúla agus coitianta a thuiscint agus a úsáid mar aon le habairtí an-bhunúsacha a úsáidtear chun riachtanais de chineál nithiúil a shásamh.<br><br>Is féidir leis é féin agus daoine eile a chur in aithne agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi shonraí pearsanta, amhail an áit a bhfuil sé ina chónaí, daoine a bhfuil aithne aige orthu agus rudaí atá aige.<br><br>Is féidir leis idirghníomhú ar bhealach simplí le duine eile chomh fada is go labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir agus go bhfuil sé sásta cuidiú a thabhairt dó. | Is féidir leis abairtí agus nathanna cainte coitianta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht).<br><br>Is féidir leis cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le gnáthchúrsaí coitianta. Is féidir leis cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar ghnéithe dá chúlra, dá gharthimpeallacht agus de cheisteanna a bhaineann le riachtanas láithreach. | Is féidir leis na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, etc.<br><br>Is féidir leis déileáil le formhór na gcásanna ar dócha iad a theacht chun cinn agus é ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga.<br><br>Is féidir leis téacs atá simplí agus nasctha a tháirgeadh ar thopaicí a bhfuil cur amach aige orthu nó a bhfuil spéis phearsanta aige iontu.<br><br>Is féidir leis trácht a dhéanamh ar thaithí, ar eachtraí, ar mhianta, ar ábhair dhóchais agus ar uaillmhianta agus cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu. | Is féidir leis na príomhsmaointe a thuiscint i dtéacsanna casta a bhaineann le topaicí nithiúla agus le topaicí teibí araon, lena n-áirítear díospóireachtaí teicniúla ina shainréimse spéise féin.<br><br>Is féidir leis idirghníomhú go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, a fhágann go mbíonn sé in ann idirghníomhú go rialta le húsáideoirí na sprioctheanga gan mórán stró ar cheachtar acu.<br><br>Is féidir leis téacs atá soiléir agus mionsonraithe a tháirgeadh ar raon leathan ábhar agus míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl aige. | Is féidir leis raon leathan téacsanna atá casta agus fada a thuiscint, agus an bhunbhrí intuigthe a aithint.<br><br>Is féidir leis é féin a chur in iúl go líofa spontáineach gan nathanna cainte a chuardach go rófhollasach.<br><br>Is féidir leis teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta, acadúla agus gairmiúla.<br><br>Is féidir leis téacs atá soiléir, dea-struchtúrtha agus mionsonraithe a tháirgeadh ar ábhair chasta, agus úsáid rialaithe patrún eagraíochtúil, nascairí agus seifteanna comhtháite a thaispeáint. | Is féidir leis geall le gach cineál téacs a thuiscint.<br><br>Is féidir leis achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó fhoinsí difriúla labhartha agus scríofa, agus argóintí agus cuntais a athinsint i gcur i láthair comhleanúnach.<br><br>Is féidir leis é féin a chur in iúl gan réamhsmaoineamh, go líofa agus go beacht, agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go cruinn is Cuma cé chomh casta is atá na cúinsí. |

Foinse: Comhairle na hEorpa, An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú*, 2020

## Greille féinmheasúnaithe FTCE (le hidirghníomhú agus idirghabháil ar líne)

Cuireadh an ghreille féinmheasúnaithe san áireamh chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do mhúinteoirí agus don scoláire chun punann teanga an scoláire a fhorbairt. Féadfaidh siad eolas a chur ar fáil do na critéir ratha agus/nó do na seicliostaí féinmheasúnaithe. Soláthraíonn an ghreille féinmheasúnaithe seo forléargas ar na tuairisceoirí FTCE a bhaineann leis na modhanna cumarsáide atá ábhartha do leibhéal A2/B1. Is féidir na tuairisceoirí le haghaidh leibhéil eile a aimsiú anseo.

| | | A2 | B1 |
|---|---|---|---|
| **Gabhchumas** | **Tuiscint ó bhéal** | Is féidir liom frásaí agus an stór focal is airde minicíocht a bhaineann leis na réimsí is ábhartha domsa a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an gheografaíocht áitiúil, fostaíocht). Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí atá gearr, soiléir agus simplí. | Is féidir liom na príomhphointí a thuiscint i ngnáth-theanga shoiléir chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, etc.<br>Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i mórán clár raidió agus teilifíse ar chúrsaí reatha nó ar thopaicí a bhfuil spéis phearsanta nó ghairmiúil agam iontu nuair a bhíonn an cur i láthair mall soiléir. |
| **Gabhchumas** | **Léamhthuiscint** | Is féidir liom téacsanna atá simplí agus an-ghearr a léamh. Is féidir liom faisnéis atá sonrach agus intuartha a fháil in ábhar simplí agus laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchláir agus is féidir liom litreacha pearsanta atá gearr agus simplí a thuiscint. | Is féidir liom téacsanna a thuiscint nuair is gnáthfhocail laethúla ardmhinicíochta nó focail atá bainteach le hobair iad bunús na bhfocal. Is féidir liom cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus ar mhianta i litreacha pearsanta a thuiscint. |
| **Idirghníomhú** | **Ó bhéal idirghníomhú** | Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le topaicí agus le gníomhaíochtaí a bhfuil cur amach agam orthu.<br>Is féidir liom caidreamh sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach dtuigim mo dhóthain de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ar siúl mé féin. | Is féidir liom déileáil le formhór na gcásanna ar dócha iad a theacht chun cinn agus mé ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga.<br>Is féidir liom tabhairt faoi chomhrá gan ullmhúchán ar thopaicí a mbeadh cur amach agam orthu, faoi thopaicí a bhfuil spéis phearsanta agam iontu nó faoi thopaicí a bhaineann leis an saol laethúil (m.sh. cúrsaí teaghlaigh, caitheamh aimsire, cúrsaí oibre, cúrsaí taistil agus cúrsaí reatha). |
| **Idirghníomhú** | **Scríofa agus ar líne idirghníomhú** | Is féidir liom tabhairt faoi idirghníomhú sóisialta bunúsach, lena chur in iúl conas a mhothaím, an méid atá ar siúl agam, agus freagairt do thuairimí le buíochas, leithscéal nó freagraí le ceisteanna.<br>Is féidir liom idirbhearta simplí amhail earraí a ordú, a chur i gcrích. Is féidir liom treoracha simplí a leanúint agus is féidir liom comhoibriú i dtasc comhroinnte le hidirghabhálaí tacúil. | Is féidir liom idirghníomhú faoi thaithí, imeachtaí, rudaí a thug mé faoi deara chomh fada agus ar féidir liom ullmhú roimh ré.<br>Is féidir liom soiléirithe simplí a iarraidh nó a thabhairt agus is féidir liom freagairt do thráchtaí agus ceisteanna sách mion.<br>Is féidir liom idirghníomhú le grúpa ag obair ar thionscadal, chomh fada agus a bhíonn áiseanna amhairc ar nós íomhánna, staitisticí agus graf ann chun coincheapa níos casta a shoiléiriú. |

| | | A2 | B1 |
|---|---|---|---|
| Táirgeadh | **Ó bhéal táirgeadh** | Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar mo dhálaí maireachtála, ar mo chúlra oideachasúil agus ar an bpost atá agam anois nó a bhí agam le déanaí. | Is féidir liom frásaí a nascadh le chéile ar bhealach simplí chun cur síos a dhéanamh ar thaithí agus ar eachtraí, ar mo mhianta, ar m'ábhair dhóchais agus ar m'uaillmhianta.<br>Is féidir liom cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu.<br>Is féidir liom scéal nó plota leabhair nó scannáin a insint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh mé fúthu. |
| | **Scríofa táirgeadh** | Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí simplí atá ceangailte le nascóirí simplí amhail 'agus', 'ach' nó, 'mar' a scríobh. | Is féidir liom téacs atá éasca agus nasctha a scríobh ar thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu nó a bhfuil spéis phearsanta agam iontu. |
| Idirghabháil | **Idirghabháil téacs** | Is féidir liom an príomhphointe/na príomhphointí a bhaineann le téacsanna gearra, simplí ar ábhair laethúla a bhfuil spéis láithreach iontu a chur in iúl chomh fada agus a chuirtear in iúl iad seo i dteanga shimplí. | Is féidir liom eolas a thabhairt i dtéacsanna eolacha soiléire, dea-struchtúrtha ar ábhair a bhfuil cur amach agam orthu nó a bhfuil spéis phearsanta nó reatha iontu. |
| | **Coincheapa idirghabhála** | Is féidir liom comhoibriú i dtascanna simplí praiticiúla, tuairimí a iarraidh ar dhaoine eile, moltaí a dhéanamh agus freagairtí a thuiscint, ar an acht go ligtear dom athrá nó athfhoirmiú a iarraidh ó am go chéile.<br>Is féidir liom moltaí a dhéanamh ar bhealach simplí chun an plé a bhogadh ar aghaidh agus iarraidh ar dhaoine céard a cheapann siad faoi smaointe áirithe. | Is féidir liom tasc a shainmhíniú i dtéarmaí bunúsacha agus a iarraidh ar dhaoine eile a gcuid saineolais a roinnt.<br>Is féidir liom iarraidh ar dhaoine labhairt, an chúis/na cúiseanna lena dtuairimí a shoiléiriú nó pointí áirithe a rinne siad a leathnú.<br>Is féidir liom ceisteanna cuí a chur chun tuiscint ar choincheapa a sheiceáil agus is féidir liom cuid den mhéid a dúirt duine a athrá chun comhthuiscint a dheimhniú. |
| | **Cumarsáid idirghabhála** | Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh trí fhocail/comharthaí simplí a úsáid chun cuireadh a thabhairt do dhaoine rudaí a mhíniú, ag tabhairt le fios nuair a thuigim agus/nó nuair a aontaím.<br>Is féidir liom príomhphointe an méid a deirtear i gcásanna intuartha, laethúla a chur in iúl maidir le mianta agus riachtanais phearsanta.<br>Is féidir liom a aithint nuair a aontaíonn nó a easaontaíonn daoine nó nuair a tharlaíonn deacrachtaí agus is féidir liom frásaí simplí a úsáid chun comhréiteach agus comhaontú a lorg. | Is féidir liom tacú le cultúr ina mbeadh cumarsáid chomhroinnte i réim trí dhaoine a chur in aithne, eolas a mhalartú faoi thosaíochtaí, agus iarratais shimplí a dhéanamh i gcomhair deimhniú agus/nó soiléiriú.<br>Is féidir liom an bhunéirim den mhéid a deirtear ar ábhair a mbeadh spéis phearsanta agam iontu a chur in iúl, ar an acht go mbeadh cainteoirí ag labhairt go soiléir agus gur féidir liom sos a ghlacadh agus an bealach le rudaí a chur i bhfriotal a phleanáil. |

Foinse: Foinse: Comhairle na hEorpa, An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú*, 2020

## Greille FTCE don mheasúnú scríofa

Cuireadh an ghreille don mheasúnú scríofa san áireamh chun tacú níos mó le múinteoirí critéir ratha atá oiriúnach d'aois agus do chéim a chruthú le haghaidh tascanna labhartha agus scríofa ar feadh na dtrí bliana d'Araibis na hArdteistiméireachta a léiríonn cumas cumarsáide feabhsaithe na scoláirí.

| | A2 | B1 |
|---|---|---|
| **Foriomlán** | Is féidir leis sraith frásaí agus abairtí simplí atá ceangailte le nascóirí simplí amhail "agus", "ach" nó, "mar" a scríobh. D'fhéadfadh sé, i dtéacsanna níos faide, go mbeadh nathanna agus fadhbanna comhleanúnachais le sonrú, rud a d'fhágfadh go mbeadh an téacs deacair a thuiscint. | Is féidir leis téacsanna simplí nasctha a scríobh ar réimse d'ábhair a mbeadh cur amach aige orthu ina réimse spéise, trí shraith de ghnéithe gearra discréideacha a nascadh i seicheamh líneach. Tá na téacsanna intuigthe ach d'fhéadfadh sé go n-eascródh briseadh sa léitheoireacht as corr-nath doiléir |
| **Raon** | Úsáideann patrúin abairte bunúsacha ina mbeadh frásaí a bheadh de ghlanmheabhair aige, grúpaí de roinnt bheag focal/comharthaí agus foirmlí chun eolas teoranta a chur in iúl, i gcásanna simplí, gnáthlae. | Tá dóthain teanga aige le comhrá a dhéanamh, agus foclóir leorga aige chun é féin a chur in iúl le roinnt imlabhra ar thopaicí amhail an teaghlach, caitheamh aimsire agus spéiseanna, cúrsaí oibre, taisteal agus imeachtaí reatha. |
| **Soiléire** | Is féidir leis grúpaí focal a nascadh le nascóirí simplí amhail "agus", "ach" agus "mar". | Is féidir leis sraith de ghnéithe discréideacha níos giorra a nascadh i dtéacs nasctha líneach. |
| **Cruinneas** | Úsáideann sé struchtúir shimplí i gceart, ach déanann sé botúin bhunúsacha go córasach fós. Bíonn míthuiscintí ann uaireanta de bharr earráidí. | Is minic a bhaineann sé úsáid measartha cruinn as stór de "ghnáthaimh" agus patrúin a bhaineann le cásanna níos coitianta.<br><br>Déanann earráidí ó am go chéile ar gnách go mbíonn an léitheoir in ann iad a léirmhíniú i gceart mar gheall ar an gcomhthéacs. |
| **Cur síos** | Is féidir leis cuir síos an-ghairid, bhunúsacha a scríobh ar imeachtaí, gníomhaíochtaí atá thart agus taithí phearsanta.<br><br>Is féidir leis beathaisnéisí simplí samhlaíocha agus dánta simplí a scríobh faoi dhaoine. | Is féidir leis cuntais a scríobh ar thaithí, ag cur síos ar mhothúcháin agus freagairtí i dtéacs nasctha, simplí. Is féidir leis cur síos a dhéanamh ar imeacht, ar thuras le déanaí – fíor nó samhalta. Is féidir leis scéal a insint.<br><br>Is féidir leis cuir síos shimplí, mhionsonraithe a scríobh ar réimse d'ábhair a mbeadh cur amach aige orthu laistigh dá réimse spéise féin. |
| **Argóint** | Níl aon tuairisceoirí i gcomhair argóinte ag leibhéal A2. | Is féidir leis aistí gearra, simplí a scríobh ar thopaicí spéise. Is féidir leis achoimre a dhéanamh, tuairisciú agus a thuairim a thabhairt maidir le heolas carntha fíriciúil ar ghnáthchúrsaí agus ar chúrsaí neamhghnácha ina réimse spéise féin, go measartha muiníneach. Is féidir leis tuairiscí an-ghairide a scríobh i bhformáid thraidisiúnta chaighdeánach, lena gcuirfí eolas fíriciúil in iúl agus lena luafaí cúiseanna a bheadh le gníomhartha. |

Foinse: Comhairle na hEorpa, An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú*, 2020

## Gnéithe cáilíochtúla den teanga labhartha ó FTCE (leathnaithe le fóineolaíocht)

Cuireadh na gnéithe cáilíochtúla de theanga labhartha san áireamh chun tacú níos mó le múinteoirí chun critéir ratha atá oiriúnach d'aois agus do chéim a chruthú le haghaidh tascanna labhartha agus scríofa ar feadh an dá bhliain d'Araibis na hArdteistiméireachta chun cumas cumarsáideach an scoláire atá ag dul i méid a léiriú. Úsáideadh na tuairisceoirí seo chomh maith chun na Tuairisceoirí Cáilíochta a fhorbairt le haghaidh Comhpháirt Measúnaithe Bhreise: Béaltriail.

| | A2 | B1 |
|---|---|---|
| **Raon** | Úsáideann sé patrúin abairt bhunúsacha le frásaí de ghlanmheabhair, grúpaí de roinnt bheag focal agus foirmlí chun cumarsáid a dhéanamh ar eolas teoranta, i gcásanna simplí, laethúla. | Tá dóthain teanga aige le comhrá a dhéanamh, agus foclóir leorga aige chun é féin a chur in iúl, le moilleadóireacht éigin, ar thopaicí amhail an teaghlach, caitheamh aimsire agus spéiseanna, cúrsaí oibre, taisteal agus imeachtaí reatha. |
| **Cruinneas** | Úsáideann roinnt struchtúr shimplí i gceart, ach déanann sé botúin bhunúsacha go córasach fós. | Úsáideann sé stór réasúnta cruinn de "ghnáthaimh" a úsáidtear go minic agus patrúin a bhaineann le cásanna níos intuartha. |
| **Líofacht** | Is féidir leis é féin a chur in iúl le míreanna cainte an-ghearr, cé go mbíonn stadanna, atosú agus athmhúnlú an-soiléir. | Is féidir leis leanúint ar aghaidh go hintuigthe, cé go mbíonn stadanna do phleanáil agus ceartú gramadaí agus foclóra soiléir, go háirithe i bpíosaí saortáirgthe. |
| **Idirghníomhú** | Is féidir leis ceisteanna a chur agus a fhreagairt agus freagairt do ráitis shimplí. Is féidir leis tuiscint a léiriú ach is annamh go bhféadann sé a dhóthain a thuiscint chun an comhrá a choinneáil ar siúl as a stuaim féin. | Is féidir leis comhrá simplí duine le duine a thosú, a choinneáil ag imeacht agus a chríochnú ar thopaicí a bhfuil cur amach aige orthu nó a bhfuil spéis phearsanta aige iontu. Is féidir leis cuid den mhéid a dúirt duine a athrá chun comhthuiscint a dheimhniú. |
| **Soiléire** | Is féidir leis grúpaí focal a nascadh le nascóirí simplí amhail "agus", "ach" agus "mar". | Is féidir leis sraith gnéithe discréideacha níos giorra a nascadh i seicheamh nasctha, líneach de phointí. |
| **Fóineolaíocht** | Tá an fhoghraíocht soiléir a dhóthain go ginearálta lena thuiscint, ach beidh ar pháirtithe comhrá athrá a iarraidh ó am go chéile. D'fhéadfadh sé go rachadh tionchar láidir ar bhéim, rithim agus ar iontonú, ó theanga(cha) eile a labhraíonn sé, i bhfeidhm ar intuigtheacht, rud a d'éileodh comhoibriú ó idirghabhálaithe. Ina ainneoin seo, tá foghraíocht na bhfocal a bhfuil cur amach aige orthu soiléir. | Tá an fhoghraíocht intuigthe go ginearálta; bíonn an tuin chainte agus béim gar don spriocteanga ag leibhéil na míreanna cainte agus focal. Ach, is iondúil go mbíonn tionchar ag teanga(cha) eile a labhraíonn sé ar a chanúint. |

Foinse: Comhairle na hEorpa, An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú*, 2020

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.